



An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dí
Legal Services
Regulatory Authority

Tuarascáil Bhliantúil 2020



Neamhspleáchas

Nuálaíocht

Cosaint do Thomhaltóirí

Trédhearcacht agus

Cuntasacht

LSRA

An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí
Legal Services
Regulatory Authority

Is í seo ár BHFÍS:

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeán ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

Is é seo ár MISEAN:

An soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeán a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát.

Clár Ábhar

1. Réamhrá

Cé Sinn, Na Nithe a Dhéanaimid, Ár gCuspóirí	5
Brollach ón gCathaoirleach	8
Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	10
Plean Straitéiseach 2019-2022	13
2020 ar Sracfhéachaint	14

2. Conas a Rialálaimid

Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh	16
Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán	25

3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid

Tuarascálacha Taighde agus Moltaí	30
Cumarsáid agus Caidreamh	34

4. Rialachas agus Bainistíocht

Comhaltaí den Údarás	37
Gníomhaíochtaí an Údaráis	42
Socruithe Rialachais	45
Forbairtí Eagraíochta	50
An Fhoireann Ardbhainistíochta	53

Aguisíní

Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2020	56
--	----

Ár Luachanna

Is iad bunluachanna a threoraíonn obair ÚRSD:



Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmeanna an Údarás sa bhliain 2020 chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus

Ceart de réir alt 21(1) den Acht. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Faoi alt 21(1) den Acht, ní mór an Tuarascáil Bhliantúil a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Is í seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ó ÚRSD.

1. Réamhrá

Cé Sinn

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016.

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 chomhalta a ainmnítear de réir alt 9 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht). Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó na deich n-eagraíocht seo a leanas:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tÚdarás um Ard-Oideachas (Higher Education Authority)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- Comhlachas Thomhaltóirí na hÉireann
- Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- Cumann Onórach Óstaí an Rí
- Dlí-Chumann na hÉireann

Ainmníonn na comhlachtaí ainmniúcháin duine amháin acu an ceann lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an Údarás, cé is moite den Dlí-Chumann, a cheapann beirt acu lena gceapadh chuig an Údarás. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údarás a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus tomhaltóirí. Tá tromlach agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- seirbhísí dlí a sholáthar;
- an t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí;
- dlí agus beartas iomaíochta;
- caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de ghairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- ábhair ghnó agus thráchtála;
- riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann ÚRSD a chuireann feidhm feidhmiúcháin ÚRSD i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí.

Na Nithe a Dhéanaimid

Is é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an rialálaí neamhspleách don ghairm dlí. Cuirtear de chúram ar an Údarás soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá aon fheidhm déag ag an Údarás faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Is iad sin:

1. Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.
2. Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbheithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:
 - a. na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;
 - b. infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;
 - c. beartais i ndáil le daoine a ghlacadh agus/nó beartais an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh;
 - d. cóid ghairmiúla;
 - e. mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.

3. Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí le ÚRSD.
4. An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir an Achta.
5. Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.
6. Gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.
7. Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú agus a chothabháil.
8. Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
9. An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.
10. Taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnaimh a thabhairt ina leith, is taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt.
11. Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.

Ár gCuspóirí

Leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, sé chuspóir reachtúla de chuid an Údaráis, arb iad ár bprionsabail oibriúcháin iad go bunúsach. Is iad sin:

1. Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.
2. Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.
3. Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.
4. An t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.
5. Gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh.
6. Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.

Giorrúcháin agus Téarmaí a úsáidtear sa Tuarascáil seo

Dlí-Chleachtóir

Aturnaí cleachtach nó abhcóide cleachtach (lena n-áirítear iarturnaí nó iarabhcóide agus gnólacht aturnaetha)

LPDT

An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

CDTanna

Comhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta

An tAcht

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

Na comhlachtaí gairmiúla

Barra na hÉireann, an Dlí-Chumann agus Cumann Onórach Óstaí an Rí.

Probháid

An próiseas ina ndéantar iarratas chuig an gcúirt ar dheonú lena dtugtar teidlíocht do dhuine nó do dhaoine chun eastát duine éagtha a riar.

Gealltanais

Gealltanais, atá ina cheangal dlí, chun rud éigin a dhéanamh nó gan rud éigin a dhéanamh. I gcomhthéacs gearán, is comhaontuithe sonracha iad atá deimhnithe i scríbhinn ag aturnaetha.

Mainneachtain tabhairt ar láimh

Mainneachtain comhaid, gníomhais teidil, etc., a thabhairt ar láimh nuair atá siad ag teastáil.

Mainneachtain cuntas a thabhairt

Neamhghníomh ag dlí-chleachtóir cuntais chuí iomlána a thabhairt ar airgead arna shealbhú agus arna fháil.

Brollach ón gCathaoirleach



An Dr Don Thornhill

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí don bhliain 2020 a chur i láthair. Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil ón Údarás, agus breathnaítear siar inti ar bhliain rídhóiligh ina ndeachaigh ÚRSD i dtaithe ar na dúshláin nach bhfacthas riamh a d'eascair as paindéim Covid-19.

Tháinig víreas Covid-19 go hÉirinn sna míonna tosaigh den bhliain 2020. Ábhar mór machnaimh do gach duine dinn ba ea an cinneadh a rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i mí an Mhárta 2020 paindéim a thabhairt ar ráig Covid-19.

Tá ÚRSD chun tosaigh ó thús na géarchéime sin i leith. Ag teacht sna sála ar an treoir ón Rialtas i mí an Mhárta á rá gur cheart do dhaoine obair ón mbaile nuair ab fhéidir, bhunaigh foireann bainistíochta ÚRSD nósanna imeachta nua agus prótacail nua chun sláinte agus sábháilteacht na mball foirne agus a mball teaghlaigh a chinntiú agus chun a chinntiú go leanfaimis lenár bhfeidhmeanna tábhachtacha rialála a chomhlíonadh.

Chuir an tÚdarás roinnt píosaí tábhachtacha oibre i gcrích, le linn dó cloí go docht leis na srianta riachtanacha sláinte poiblí a tugadh isteach sa bhliain ar obair agus ar thaisteal. Áiríodh leo sin an dara tuarascáil shubstainteach laistigh de dhá bhliain uaidh ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt. Sa tuarascáil sin, rinne an tÚdarás 12 mholadh san iomlán lena réitítear an bealach le haghaidh feabhsuithe ar an dóigh a gcuirtear oideachas agus oiliúint ar abhcóidí agus ar aturnaetha. Is é an toradh a bheadh orthu go saíneofaí den chéad uair riamh an inniúlacht agus na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh mar aturnaí nó abhcóide. Moladh freisin sa tuarascáil ón Údarás go mbunófaí creat reachtúil chun soláthraithe reatha oideachais agus oiliúna do dhlí-chleachtóirí a chreidiúnú agus go dtabharfaí deis do sholáthraithe nua den chéad uair riamh creidiúnú a ghnóthú ar mhaithe le hoiliúint ghairmiúil a sholáthar.

I dteannta a chéile, eascraíonn as na moltaí sin an fhéidearthacht go soláthrófaí rochtain níos cothroime ar na gairmeacha dlí agus go gcuirfí feabhas ar a fhreagrúla atá an oiliúint ghairmiúil dlí do na riachtanais

athraitheacha atá ag sochaí na hÉireann. Ba phléisiúir dom na moltaí ón Údarás a chur i láthair an Aire le linn cruinniú fíorúil i mí Dheireadh Fómhair i dteannta an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD. Táimid ag súil anois le hobair i gcomhar le hoifigigh ón roinn chun teacht ar phlean cur chun feidhme a mbeidh mar aidhm leis an córas oideachais agus oiliúna do dhlí-chleachtóirí a athchóiriú.

Mar bheart suntasach rialála, ghlac an tÚdarás seilbh sa bhliain 2020 ar an bhfreagracht as fógart seirbhísí dlí a rialáil. Ag teacht sna sála ar roinnt comhairliúcháin le príomh-gheallsealbhóirí, d'eisigh an tÚdarás Rialacháin Fógraíochta i mí na Nollag. Tá sé beartaithe tuilleadh oibre a dhéanamh sa bhliain 2021 chun feasacht a mhéadú ar an gcóras nua i measc aturnaetha agus abhcóidí agus chun comhlíonadh a chur chun cinn.

Tháinig an téarma oifige tosaigh ceithre bliana de chuid roinnt comhaltaí den Údarás chun deiridh le linn na bliana 2020. Ag teacht sna sála ar chinneadh ón rialtas, rinne an Dáil agus an Seanad ceapadh comhalta nua amháin den Údarás agus athcheapadh ceathrar comhaltaí reatha den Údarás, mé féin san áireamh, a cheadú i mí na Samhna. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an Oll. Gerry Whyte agus James MacGuill SC, comhaltaí den Údarás atá ag éirí as, agus fáilte a chur roimh Simon Murphy mar chomhalta nua den Údarás ar ainmigh an Dlí-Chumann é.

Tháinig na comhaltaí den Údarás le chéile cúig huair sa bhliain 2020. Cuireadh an chéad cheann de na cruinnithe sin ar siúl san aon seomra amháin, agus cuireadh na cruinnithe eile ar siúl go fíorúil. Gabhaim buíochas leis na comhaltaí eile den Údarás as an obair dhícheallach agus an caidreamh gníomhach a rinne siad agus as an tiomantas a thaispeáin siad le linn na bliana. Molaim iad freisin as a bheith chomh solúbtha agus chomh dírithe sin maidir le teicneolaíochtaí nua a ghlacadh agus le dul i dtaithe ar bhealaí nua chun teacht le chéile agus breithniú i dtimpeallacht fhíorúil.

I dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo, tugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn a rinneamar ar na spriocanna sa dara Plean Straitéiseach uainn, a

bhaineann leis an tréimhse 2019-2022, a bhaint amach. Leagtar síos sa Plean sin an treochlár don chéad dá bhliain eile, ar lena linn a fhéachfaimid le tosach feidhme na n-alt atá fágtha d'Acht 2015 a thabhairt chun críche agus a chuirfimid tús leis an obair atá ar bun againn a thagarmharcaí ionas gur féidir linn spriocanna feidhmíochta atá réadúil agus uailmhianach a shocrú.

Bliain thábhachtach don Údarás a bheidh sa bhliain 2021. Oibreoidimid ar phlean cur chun feidhme le haghaidh athchóirithe i réimse an oideachais agus na hoiliúna a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí. Ar iarraidh a fháil ón Aire, déanfaimid taighde tábhachtach ar na bacainní eacnamaíochta agus eile a mbíonn aturnaetha agus abhcóidí atá faoi oiliúint nó atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo.

Seolfaimid freisin na creatáil le haghaidh struchtúr gnó nua seirbhísí dlí, mar atá Comhpháirtíochtaí Dlí, a bhunú. Tá na hailt den Acht a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Dlí le tosú sa bhliain 2021. Toradh amháin a bheidh ar Chomhpháirtíochtaí Dlí a thabhairt isteach is ea go mbeidh abhcóidí agus aturnaetha in ann obair le chéile laistigh d'eintiteas gnó amháin nó laistigh de chomhpháirtíocht. Beidh tomhaltóirí in ann cuairt a thabhairt ar aturnaí agus abhcóide atá ag oibriú san aon áitreabh amháin mar "ionad ilfhreastail" le haghaidh soláthar seirbhísí dlí.

Ní haon áibhéil é a rá gur bhliain rídhúshlánach don Údarás í an bhliain faoi athbhreithniú. Rinne baill foirne oilte dhíograiseacha thiomanta ÚRSD a lán oibre dícheallá, ag obair dóibh faoi stiúir ag an Dr Brian Doherty, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. A bhfuí lena gcuid oibre, táimid níos gaire anois don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a bhunú ina iomláine ionas go bhféadfaidh sé an raon cuimsitheach feidhmeanna agus dualgas a leagtar air faoin Acht a chomhlíonadh. Is ábhar misnigh é machnamh a dhéanamh ar éachtaí na bliana atá imithe thart agus a bheith muiníneach go mbeimid in ann aghaidh a thabhairt go réidh ar dhúshláin nua, is cuma cad atá i ndán dúinn.

An Dr Don Thornhill
Cathaoirleach

Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



An Dr Brian J. Doherty

Bliain eisceachtúil ar fad do ÚRSD ba ea an bhliain faoi athbhreithniú, toisc gur chuir tionchar phaindéim Covid-19 dúshlán ar gach duine dinn.

Ón gcéad dianghlásáil i mí an Mhárta i leith, tháinig acmhainní oibriúcháin agus acmhainní daonna nach rabhtas ag súil leo agus nach bhfacthas a leithéid riamh chun cinn. Is mór an chreidiúint do cé chomh solúbtha agus chomh hathléimneach is atá bainisteoirí agus baill foirne ÚRSD é go rabhamar in ann ár gcur chuige a athrú go mear, agus leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ar ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach ag an am céanna.

An príomhrud ar dhíríomar air sa bhliain faoi athbhreithniú ba ea aire a thabhairt d'fholláine na foirne, le linn dúinn leanúint le hacmhainn na heagraíochta a fhorbairt ag an am céanna. Chuige sin, thugamar bearta agus próisis éagsúla nua isteach lom láithreach chun a chinntiú go mbeifí ag comhlíonadh na comhairle sláinte poiblí agus nach ndéanfadh aon bhaill foirne an víreas a tholghadh ná a leathadh. Tugadh cianoibriú isteach do na baill foirne uile, ar soláthraíodh trealamh, bogearraí, oiliúint agus tacaí eile dóibh chun cumasú dóibh obair go sábháilte ón mbaile. Rinneadh athruithe tábhachtacha chun a chinntiú go ndéanfaí ár bpríomhsheirbhísí a chothabháil go rathúil, lena n-áirítear gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú. Mar a tharla, agus mar a léirítear sa tuarascáil seo, bhí ár mbaill foirne sa rannóg gearán chomh gnóthach is a bhí siad am ar bith riamh toisc gur tháinig méadú iarbhir ar an líon gearán a bhíodhas ag glacadh de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh.

Bhí an bhliain suntasach toisc gurbh í sin an chéad bhliain iomlán a bhí roinnt dár bpríomhfheidhmeanna i mbun oibre. I mí na Samhna 2019, thugamar isteach an creat le haghaidh údarás a thabhairt do chomhpháirtíochtaí aturnaetha oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta. Sa bhliain 2020, údaraíodh 230 comhpháirtíocht aturnaetha san iomlán mar Chomhpháirtíochtaí Dlíteanais

Theoranta, rud a d'fhág gurbh ionann agus 258 ceann an líon iomlán Comhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta a bhí ann ag deireadh na bliana. De na Comhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta a údaraíodh sa bhliain 2020, tá 74 ceann i gContae Bhaile Átha Cliath, tá 38 ceann i gCorcaigh agus tá 12 cheann i nGaillimh. Rinneamar iarrachtaí comhbheartaithe ar fud na bliana dul i dteagmháil le hiarratasóirí agus na próisis a theastaíonn a mhíniú dóibh. Léirítear san aga tapa slánúcháin le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta a phróiseáil go bhfuil iarratasóirí ag gnóthú tuiscint níos fearr ar na próisis sin.

Chomh maith leis sin, ba í an bhliain faoi athbhreithniú an chéad bhliain iomlán a bhíomar ag oibriú mar chomhlacht neamhspleách láimhseála gearán le haghaidh gearáin faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí. Thosaíomar ar ghearáin a ghlacadh agus a imscrúdú i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus leanadh ar fud na bliana 2020 le baill foirne sa rannóg gearán a earcú agus oiliúint a chur orthu de réir mar a leathnaíodh an rannóg. Coinníodh baill foirne sa rannóg gearán go háirithe gnóthach ar fud na bliana, á chinntiú gur coinníodh ardchaighdeán ar bun, agus rinneadh athruithe oibriúcháin chun freastal ar chianoibriú. Leanadh le hobair freisin ar struchtúr an phróisis ghearán atá leagtha amach san Acht a chur i gcrích. Bunaíodh an Coiste um Ghearáin le haghaidh gearáin faoi mhí-iompar agus bunaíodh an Coiste Athbhreithnithe le haghaidh gearáin faoi na caighdeán agus na costais a bhaineann le seirbhísí dlí. Mar thoradh ar bhunú na gcoistí sin agus ar bhunú an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, ar comhlacht neamhspleách é, tá iomlán an struchtúir láimhseála gearán faoin Acht, beagnach, i bhfeidhm anois.

Sa bhliain 2020, ba mhó an líon gearán a fuair ÚRSD faoi aturnaetha ná an líon a fuair sé faoi abhcóidí, rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá ann agus gur mó an leibhéal teagmhála díri atá acu le tomhaltóirí. Den 1,422 gearán san iomlán a fuarthas sa bhliain, bhain 1,389 ceann le

haturnaetha agus bhain 33 ceann le habhcóidí (féadfar roinnt gearán a dhéanamh faoin aon dlí-chleachtóir amháin).

Is féidir le comhlacht nua gearán an chéad bhliain a úsáid chun próisis, beartais agus nósanna imeachta a thástáil. Is é atá i ngach gearán a fhaightear agus a phróiseáiltear agus i ngach teagmháil leis an bpobal nó le dlí-chleachtóirí ná deis chun a mheasúnú conas atáimid ag déanamh gnó. Sa bhliain 2020, cuireadh am i leataobh le haghaidh dianchomhar minic i measc na foirne chun a fháil amach conas a bhí córais nua ag feidhmiú agus cén áit ar féidir éifeachtúlachtaí a aimsiú. Cé go rabhamar in ann an obair sin a chur i gcrích agus ár bpróisis a athbhreithniú agus a fheabhsú ar fud na tréimhse tuairiscithe, is fíor a rá gur chúram ní ba dhoilé é sin de bharr na srianta Covid-19 a bhí sé riachtanach a chur i bhfeidhm.

De réir mar a bhí an líon gearán nua ag méadú go seasta ar fud na bliana, dhíríomar ar a chinntiú nach mbeadh aon laghdú ann i gcáilíocht na seirbhísí a sholáthraímid do thomhaltóirí agus do dhlí-chleachtóirí. Bhí ár n-acmhainní faoi bhrú agus ní rabhamar ábalta ár spriocanna uaimhianacha earcaíochta don bhliain 2020 a bhaint amach ar fud na rannóg uile, lena n-áirítear an rannóg gearán. B'amhlaidh freisin, maidir le baill foirne nua den rannóg gearán agus le comhaltaí nua den Choiste um Ghearáin agus den Choiste Athbhreithnithe a ionduchtú agus oiliúint a chur orthu, go raibh an obair sin ní ba dhúshlánaí agus ní b'fhaidréisí ná a bheadh sí dá mba rud é go rabhamar ann obair le hais a chéile. Bhí orainn freisin déileáil le fadhbanna tosaigh a bhain leis an léiriú ar phríomhfhóralacha gearán san Acht. Is é tionchar comhcheangailte na ndúshlán sin gur mó ná ba mhaith linn an líon gearán beo a bhí ar láimh againn ag deireadh na bliana dúshlánaí sin.

Gan trácht ar na géar-riachtanais sin, bhí a lán buaicphointí agus garspriocanna ann sa bhliain freisin. Áiríodh leo sin freagracht a ghlacadh as fógart seirbhísí dlí a rialáil tráth a síníodh Rialacháin

Fógraíochta nua isteach sa dlí. Faoi na rialacháin sin, tá abhcóidí faoi réir rialacha reachtúla maidir le fógraíocht den chéad uair riamh. Chomh maith leis sin, thugamar cabhair riaracháin don Choiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta, a bunaíodh i mí Aibreáin 2020. Féadfaidh aturnaetha agus abhcóidí iarratas a dhéanamh anois trí shuíomh Gréasáin ÚRSD chuig an gCoiste Comhairleach, a mholann don Rialtas go bhféadfar paitinn chun úsáid a bhaint as an teideal ‘Abhcóide Sinsir’ a dheonú d’iarratasóir. Go dtí an bhliain 2020, ní bhíodh aturnaetha i dteideal úsáid a bhaint as an teideal ‘abhcóide sinsir’, rud nach mbíodh forchoimeáda ach amháin d’abhcóidí.

Ba bhliain ghnóthach í ó thaobh cumarsáide de, agus muid ag obair ar theacht ar bhealaí nua chun teagmháil ar líne a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí seachtracha agus lenár ngeallsealbhóirí inmheánacha araon. Sheolamar ár suíomh Gréasáin athchóirithe agus d’osclaíomar ár gcuntas ar Twitter: @LSRAIreland. Is é an toradh atá ar an dá cheann de na hardáin sin go gcumasaítear dúinn cumarsáid agus teagmháil dhíreach a dhéanamh le gairmithe dlí, le tomhaltóirí agus le geallsealbhóirí eile. I measc na n-iarrachtaí éagsúla a rinneadh naisc a choinneáil ar bun idir baill foirne agus idir rannóga, thugamar isteach freisin seisiúin fhíorúla mhaidin caife agus ríomh-nuachtlitir mhíosúil a bhí lán le hábhar spráúil.

B’ard a bhí cáilíocht agus cainníocht ár n-aschur taighde sa bhliain, ar lena linn a foilsíodh sé thuarascáil reachtúla. Áiríodh leo sin an tuarascáil uainn ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí, rud ina ndearnadh moltaí le haghaidh athchóirithe forleathana ar an dóigh a gcuirtear oiliúint ar aturnaetha agus ar abhcóidí. Ba phléisiúr dom féin agus do Chathaoirleach an Údarais ár moltaí a chur i láthair an Aire Dlí agus Cirt, a thaispeáin spéis láidir sna tograí le haghaidh athchóiriú agus a thug gealltanas go gcomhoibredh sí sa todhchaí ar phlean cur chun feidhme a ullmhú.

Sular tháinig an dianghlásáil i bhfeidhm i mí an Mhárta, bhí mé in ann labhairt faoi obair ÚRSD ag roinnt imeachtaí ar óstáil Comhlachais Bharra agus Barra na hÉireann iad. Don chuid eile den bhliain, ba trí ardáin ar líne a d’fhreastail mé ar imeachtaí. Ar na teagmhálacha seimineár Gréasáin a bhí agam bhí Comhdháil Idirnáisiúnta bhliantúil na Rialálaithe Dlí agus seoladh an tsuirbhé bhliantúil a dhéanann Smith & Williamson ar ghnólachtaí dlí.

Táim buíoch arís eile d’fhoireann agus lucht bainistíochta an Dlí-Chumainn, Bharra na hÉireann agus Chumann Onórach Óstaí an Rí as a gcúnamh dár gcuid oibre, go háirithe le linn bliana ina raibh a gcomhaltaí féin ag déileáil le cur isteach chomh dona sin ar a saol agus a slí bheatha. Cé go bhfuil neamhspleáchas ÚRSD ar an rud is tábhachtaí i ngach a ndéanaimid, ní féidir linn rialáil éifeachtach rathúil a bhaint amach gan teagmháil leanúnach a choinneáil ar bun leis na comhlachtaí gairmiúla agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear iad sin a scríobhann aighneachtaí i dtaca leis na comhairliúcháin éagsúla a sheolaimid.

Bhí ÚRSD ar tí bogadh isteach inár n-oifigí nua i mBaile Átha Cliath tráth a tháinig an chéad dianghlásáil náisiúnta i bhfeidhm i mí an Mhárta 2020. Cé gur cuireadh an bogadh chuig an oifig nua i gcrích go rathúil, níl lá iomlán caite fós ag an bhfoireann san áitreabh nua i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7. Táim ag súil go mór leis an lá a bheidh mé in ann buíochas a ghabháil go pearsanta le foireann ÚRSD ina hiomláine as an tiomantas agus an díograis a thaispeánann gach duine díobh agus as an obair dhícheallach a dhéanann siad. Idir an dá linn, ba mhaith liom a rá go mbím buíoch ó chroí díobh.

An Dr Brian J. Doherty
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Plean Straitéiseach 2019-2022

Sa Phlean Straitéiseach don tréimhse 2019-2022, leagtar trí thosaíocht straitéiseacha síos do ÚRSD. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD i gcomparáid leis na tosaíochtaí sin le linn na bliana 2020.

Tosaíocht Straitéiseach a hAon

ÚRSD a bhunú mar údarás rialála lánfheidhmiúil atá neamhspleách agus éifeachtach, agus ardleibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán á sholáthar de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcaílte.

Tosaíocht Straitéiseach a Dó

Tabharfaidh ÚRSD nuálaíocht agus dul chun cinn isteach san oideachas agus san oiliúint, i nglacadh sa ghairm dlí, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, sa rochtain ar cheartas ag an tomhaltóir agus i réimsí eile de sheirbhísí dlí, agus spreagfaidh sé an nuálaíocht agus an dul chun cinn sin.

Tosaíocht Straitéiseach a Trí

Feasacht a mhéadú trí chumarsáid agus trí chaidreamh.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar bhonn lenár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas:


- Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh
- Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán
- Taighde agus Tuairisciú
- Cumarsáid agus Caidreamh
- Rialachas agus Bainistíocht



Ó chlé go deas: Katherine Lorenz, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bharra Victoria; Wendy Harris QC, Uachtarán ar Bharra Victoria; an Dr Brian Doherty; agus Nicole Papaleo, abhcóide.

2020

6
THUARASCÁIL
REACHTÚLA

12 MHOLADH MAIDIR LEIS AN OIDEACHAS AGUS AN OILIÚINT A CHUIRTEAR AR DHLÍ-CHLEACHTÓIRÍ 

230 AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA A ÚDARAÍODH

74 CDT I MBAILE ÁTHA CLIATH
38 CDT I GCORCAIGH
12 CDT I NGAILLIMH

RIALACHÁIN FÓGRAÍOCHTA NUA



2,823

ABHCÓIDE CLEACHTACH AR AN ROLLA



MÉADÚ **88** ABHCÓIDE Ó 2019

3,605

CEANN DE GHLAONNA TEILEAFÓIN AGUS DE RÍOMHPHOIST INAR IARRADH FAISNÉIS AGUS/NÓ FOIRMEACHA GEARÁIN



1,869
AN LÍON COMHAD A OSCLAÍODH 

812
AN LÍON COMHAD A DÚNADH

1,422
GEARÁN

1,389
CEANN A BHAIN LE HATURNAETHA AGUS **33** CEANN A BHAIN LE HABHCÓIDÍ

AR SRACFHÉACHAINT

4 CHOMHAIRLIÚCHÁN 

21 CEANN DE PHREASEISIÚINTÍ AGUS DE SCÉALTA NUACHTA 

22 CEIST Ó NA MEÁIN 



#WETWEET @LSRAIRELAND

SUÍOMH GRÉASÁIN NUA
WWW.LSRA.IE

42,425

AN LÍON DAOINE A D'ÚSÁID AN SUÍOMH GRÉASÁIN

MÉADÚ **50%** Ó 2019

4 AN LÍON COMHALTAÍ DEN ÚDARÁS A ATHCHEAPADH 

1 CHOMHALTA NUA DEN ÚDARÁS 

2 AN LÍON COISTÍ UM GHEARÁIN A BUNAÍODH



OIFIGÍ NUA

33
BALL FOIRNE 

MÉADÚ **9** MBALL FOIRNE Ó 2019

2. Conas a Rialálaimid

Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh

Is í seo an dara bliain a thugamar tuairisc inár dTuarascáil Bhliantúil ar ár n-obair láimhseála gearán. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dí, 2015. Dá bhrí sin, cumhdaíodh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2019 an chéad trí mhí de ghearáin a ghlacadh.

Cumhdaítear sa tuarascáil seo an chéad bhliain iomlán dár n-oibríochtaí láimhseála gearán, a athraíodh go mór le linn na bliana de bharr na srianta áit oibre a tugadh isteach de dheasca Covid-19.

Leanamar le líon ard gearán a ghlacadh agus a imscrúdú ar bhonn comhsheasmhach ar fud na bliana.

De bhreis air sin, d'fhoilsíomar treoracha maidir le réiteach neamhfhoirmiúil gearán mar aon le doiciméid éagsúla eile ina leagtar amach beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le gearáin. Tá sé mar aidhm leo sin cabhair a thabhairt don phobal agus do dhlí-chleachtóirí araon agus tá siad ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Lean an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach ar aghaidh ag fás go seasta. B'ionann agus 19 nduine an líon iomlán ball foirne a bhí ag obair sa Rannóg sin ag deireadh na bliana 2020. Ba mhéadú é sin ó dháréag ag deireadh na bliana 2019. Rinneadh an-chuid de na baill foirne nua a earcú, a ionduchtú agus a chur faoi oiliúint go cianda.

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe araon sa bhliain 2020 chun go mbeadh siad in ann a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Tá tromlach comhaltaí tuata ag an dá choiste. Tá ag an gCoiste um Ghearáin 27 comhalta san iomlán arna gceapadh ag an Údarás. Cuimsítear iontu sin: ochtar comhaltaí arna n-ainmniú ag an Dí-Chumann; ceathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag Barra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin); agus cúig chomhalta dhéag thuata arna gceapadh tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch.

Féadfaidh an Coiste um Ghearáin suí i gCoistí Rannacha atá comhdhéanta de thriúr nó cúigear comhaltaí. Déantar gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe a cinneadh a bheith inghlactha a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Bhí trí shuí de chuid Choistí Rannacha an Choiste um Ghearáin ann sa bhliain 2020.

Déantar na comhaltaí den Choiste Athbhreithnithe a ainmniú agus a cheapadh ar an mbealach céanna a dhéantar na comhaltaí den Choiste um Ghearáin a ainmniú agus a cheapadh. Suíonn sé i ngrúpaí atá comhdhéanta de thriúr agus féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ó ÚRSD ar ghearáin a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí nó le costais iomarcacha a ghearradh. Níor cuireadh ceangal ar an gCoiste Athbhreithnithe an feidhm sin a chomhlíonadh sa bhliain 2020.

Cuireadh ceithre lá ionduchtúcháin agus oiliúna san iomlán ar siúl sa bhliain do chomhaltaí den dá choiste, a ghlac páirt iontu trí ardáin ar líne, agus cabhair á fáil acu ó bhaill foirne ÚRSD agus ó oiliúnóir seachtrach ag a raibh an-taithí.

Cineálacha Gearán

Faoi Chuid 6 den Acht, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán a ghlacadh:

- gearáin á rá gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh;
- gearáin á rá gurb iomarcach a bhí méid costas a bhí á iarraidh ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí;
- gearáin á rá gurb ionann agus mí-iompar gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir.

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Áirítear leis freisin soláthar seirbhísí dlí a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach, nó costais atá thar a bheith iomarcach a iarraidh.

Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine atá ag gníomhú thar ceann cliant – gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfaidh an cliant gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh nó gurb iomarcach a bhí an méid costas a iarraidh. Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh le ÚRSD faoi mhí-iompar líomhnaithe ag dlí-chleachtóir.

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaíonn ÚRSD iad ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairiscí a éascú. I gcás gearán ina líomhnaítear gur soláthraíodh seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach agus gur iarradh costais iomarcacha, mar shampla, taifeadtar iad de réir an réimse oibre atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearán ina líomhnaítear mí-iompar, taifeadtar iad faoi chatagóirí a bhaineann le cineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán. Léirítear sna staitisticí don bhliain 2020 an líon gearán a rinneadh de réir gach ceann de na trí chineál agus de réir an raoin chatagóirí.

Ár nDualgais maidir le Tuairisc a Thabhairt ar Ghearáin

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí. Foilsíodh dhá thuarascáil den sórt sin go dtí seo. Foilsíodh an chéad cheann, inar cumhdaíodh an tréimhse ón 6 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 6 Márta 2020, i mí Aibreáin 2020. Foilsíodh an dara ceann, inar cumhdaíodh an tréimhse ón 7 Márta go dtí an 6 Meán Fómhair 2020, i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ós rud é nach bpléitear ach le gearáin sna tuarascálacha sin, tugtar níos mó faisnéise iontu agus déantar anailís níos mine ar staitisticí iontu ná atá ar fáil anseo.

Gearáin a Ghlacadh agus a Imscrúdú

Leagtar amach san Acht agus i Rialacháin ghaolmhara próisis mhionsonraithe le haghaidh gearáin faoi dhlí-chleachtóirí a láimhseáil. Áirítear leo sin sraith spriocdhátaí reachtúla nach mór cloí leo.

Is é an chéad chéim de láimhseáil gearán go n-osclaítear comhaid mar fhiosruithe ar an gcéad dul síos. Iníúchann baill foirne sa rannóg gearán na comhaid sin ansin chun a chinneadh cé acu ba cheart fiosrú a rangú mar ghearán nó ba cheart déileáil léi mar fhiosrú. Is ionann an próiseas sin agus céim thábhachtach den phróiseas láimhseála gearán. I roinnt cásanna, is féidir leis méid suntasach comhfhreagrais a chruthú idir baill foirne sa rannóg gearán agus gearánaigh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhfhreagrais sin mionsonraí faoi na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a shoiléiriú.

Réamh-athbhreithniú ar Inghlacthacht Gearán

A luaithe a rangáítear fiosrú mar ghearán, ceanglaítear ar ÚRSD faoin Acht réamh-athbhreithniú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór do ÚRSD fógra i scríbhinn a thabhairt don dlí-chleachtóir i dtaobh an ghearáin, cóip den ghearán a thabhairt don dlí-chleachtóir, agus iarraidh ar an dlí-chleachtóir freagra i scríbhinn ina mbeidh a thuairimí nó a tuairimí ar an ngearán a thabhairt. Féadfaidh baill foirne sa rannóg gearán tuilleadh faisnéise a iarraidh i scríbhinn ón ngearánach nó ón dlí-chleachtóir ag céim an réamh-athbhreithnithe freisin. I gcás gearán casta, is féidir go mbeidh roinnt babhtáí cumarsáide idir na páirtithe ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích.

“ Ar maidin, fuair mé i mo chuntas bainc na cistí deiridh a bhí dlite dom ó oidhreacht m’athar... Dá bhrí sin, tarraingím mo ghearán siar leis seo. Is mór agam cé chomh héifeachtúil is a bhí an dóigh ar dhéileáil sibh leis agus is mór agam go háirithe cé chomh pras agus chomh tuisceanach is a bhí an fhoireann fáiltithe agus iad ag tabhairt freagra ar mo ghlaonna agus an atrua dheonach agus an chomhairle fhóna a tugadh dom. ”

Gearáin a Réiteach ar Shlí Neamhfhoirmiúil

Molann ÚRSD go réiteofaí gearáin go luath i gcás gur cuí. Ceanglaítear ar ÚRSD leis an Acht cuireadh a thabhairt do na páirtithe iarraidh a dhéanamh nithe a réiteach i dtaca le gearáin inghlactha a bhaineann leo seo:

- **seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach;**
- **costais iomarcacha; nó**
- **mí-iompar ab ionann é agus seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach go feadh méid suntasach, dá ndéanfaí é a shuíomh.**

Is idirghabhálaithe cáilithe atá creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann iad na baill foirne a fhéachann le gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil trí phróiseas réitigh neamhfhoirmiúil ÚRSD.

Ag brath ar an gcineál gearán, i gcás go ndiúltaíonn na páirtithe do chuireadh ó ÚRSD teacht ar réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil nó i gcás nach féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, tugtar an gearán ar ais sa phróiseas gearán ansin. An chéad chéim eile is ea go ndéanfaidh ÚRSD cinneadh ar an ngearán nó, i gcás gearán mí-iompair, tarchuirfear é chuig an gCoiste um Ghearáin.

Mar thoradh ar na tréimhsí dianghlása a tugadh isteach sa bhliain 2020 de dheasca Covid-19, bhí sé níos doiléir obair ar ghearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil toisc nach rabhtas in ann cruinnithe duine le duine a thairiscint chun gearáin a réiteach. Ba lú ná a bhíodh ag súil leis an líon cásanna a réitíodh ar shlí neamhfhoirmiúil. B’idirghabhálacha tointeála a seoladh ar an teileafón iad na cinn sin a cuireadh ar siúl. Tá ÚRSD ag leanúint ar aghaidh ag obair chun teacht ar bhealaí is féidir gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil laistigh de thimpeallacht dhúshlánach na srianta a tugadh isteach de bharr Covid-19.

Fiosruithe Nua agus Gearáin sa bhliain 2020

Le linn na bliana, fuair an Rannóg Gearán, Réiteach agus Imscrúduithe 3,605 ceann san iomlán de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarraidh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin.


Ar an iomlán, d’oscail an fhoireann sa rannóg gearán 1,869 comhad fiosraithe sa bhliain 2020. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na comhaid sin, rangáíodh 1,422 ceann díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Maidir leis an 447 comhad fiosraithe eile nár rangáíodh mar ghearáin, dúnadh iad sa deireadh. Mar atá leagtha amach thuas, is féidir a lán oibre ag foireann ÚRSD agus méid suntasach comhfhreagrais a bheith i gceist le fiosruithe a phróiseáil de réir mar a fhéachaimid le haghaidh a thabhairt ar na saincheistanna arna dtarraingt anuas nó an fhaisnéis arna iarraidh a sholáthar. De bhreis air sin, dúnadh 365 comhad gearáin sa bhliain, rud

a d’fhág gurbh ionann agus 812 ceann an líon iomlán comhad a dúnadh sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2020, ba mhó an líon gearán a fuarthas faoi aturnaetha ná an líon a fuarthas faoi abhcóidí, rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá acu le tomhaltóirí. Den 1,422 gearán a fuarthas, bhain 1,389 ceann le haturnaetha agus bhain 33 ceann le habhcóidí. Féadfar roinnt gearán a thionscnamh i gcoinne an aon dlí-chleachtóra amháin. Léirítear i bhFíor 1 ar leathanach 22 an miondealú ar ghearáin de réir chontae na ndlí-chleachtóirí.

Téamaí a bhí coitianta fós sa bhliain 2020 ba ea téamaí áirithe a sainaitníodh go luath inár n-oibríochtaí láimhseála gearán. Cuid dhílis fós d’fhormhór na ngearán a fhaightear is ea droch-chumarsáid.

TÁBLA 1: Fiosruithe agus Gearáin Nua sa bhliain 2020



Na Gearáin Nua Uile

Agus í cothrom le 819 gearán (58%), ba le mí-iompar líomhnaithe a bhain an chatagóir is mó gearán a fuarthas. Fuarthas 496 gearán (35%) san iomlán ó chliant maidir le caighdeán neamhdhóthanacha líomhnaithe seirbhísí dlí. Fuarthas 107 gearán eile (7%) ó chliant a líomhain gur gearradh costais iomarcacha orthu.

Gearáin faoi Mhí-iompar


Den 819 gearán a fuarthas faoi mhí-iompar líomhnaithe, bhain 218 ceann le hiompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Bhain 143 gearán eile leis an mainneachtain cumarsáid a dhéanamh, bhain 107 ceann leis an mainneachtain comhad nó gníomhais agus doiciméid eile a thabhairt ar láimh, bhain 81 ceann leis an mainneachtain cloí le gealltanais a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais, bhain 71 ceann leis an mainneachtain cuntas a thabhairt ar airgead cliant agus bhain 57 ceann le calaois nó mímhacántacht líomhnaithe.

Caighdeán Neamhdhóthanach Seirbhísí Dlí


Fuarthas 496 gearán san iomlán á líomhain go raibh na seirbhísí dlí a soláthraíodh de chaighdeán neamhdhóthanach. Díobh sin, bhain 153 ceann le dlíthíocht, bhain 112 ceann le riaradh eastát agus bhain 112 ceann eile le tíolacadh.

Costais Iomarcacha


Fuarthas 107 gearán san iomlán inar líomhnaíodh gur lorgaíodh costais iomarcacha. Ba le dlíthíocht a bhain 38 ceann de na gearáin sin. Bhain 24 ceann leis an dlí teaghlaigh, bhain 18 gcinn le tíolacadh agus bhain 11 cheann le probháid.




Mí-iompar	819	(58%)
Seirbhísí Neamhdhóthanacha	496	(35%)
Costais Iomarcacha	107	(7%)
IOMLÁN	1,422	



Míchlú a tharraingt ar an ngairm	218	(26.6%)
Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh	143	(17.5%)
Mainneachtain tabhairt ar láimh	107	(13.1%)
Gealltanais	81	(9.9%)
Mainneachtain cuntas a thabhairt	71	(8.7%)
Calaois nó mímhacántacht	57	(7.0%)
Coinbhleacht leasa	43	(5.3%)
Gearáin ilghnéitheacha, níos lú ná 5%	99	(12.0%)
IOMLÁN	819	




Dlíthíocht	153	(30.8%)
Probháid	112	(22.6%)
Tíolacadh	112	(22.6%)
An Dlí Teaghlaigh	59	(11.9%)
Eile	49	(9.9%)
Coireacht	6	(1.2%)
Fostaíocht	5	(1.0%)
IOMLÁN	496	



Dlíthíocht	38	(36%)
An Dlí Teaghlaigh	24	(22%)
Tíolacadh	18	(17%)
Eile	15	(14%)
Probháid	11	(10%)
Fostaíocht	1	(1%)
IOMLÁN	107	

Fíor 1: Gearáin a fuarthas de réir contae sa bhliain 2020



Gearáin a Dúnadh

Dúnadh 365 gearán san iomlán sa bhliain. D'íobh sin, measadh 184 gearán a bheith neamh-inghlachta tar éis measúnú reachtúil a dhéanamh. Leagadh béim sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2019 go raibh líon ard gearán á réiteach ar shlí neamhghairmiúil idir na páirtithe ag céim an-luath den phróiseas gearán. Lean an treocht sin ar aghaidh sa bhliain 2020, ar lena linn a réitíodh 104 gearán san iomlán ar shlí neamhghairmiúil ag an gcéim réamh-inghlachta nó ag an gcéim iar-inghlachta. Is ábhar mór misnigh é an céatadán de ghearáin atá á réiteach ar an tslí sin.

Tarraingíodh 62 gearán san iomlán siar tar éis malartuithe faisnéise ar éascaigh ÚRSD iad idir gearánaigh agus dlí-chleachtóirí. Ní rabhthas in ann leanúint le 15 ghearáin san iomlán ar chúiseanna éagsúla. Áiríodh leo sin, mar shampla, cásanna ina raibh imeachtaí cúirte ar siúl.

Tarchuireadh gearán amháin chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí. D'éist Coistí Rannacha an Choiste um Ghearáin 19 gcás mí-iompair san iomlán sa bhliain 2020.

“ Go raibh míle maith agaibh as an ní seo a réiteach ar mo shon. Is eol dom nach raibh ann ach ní measartha beag i mór-réimse na ngearáin dlí. Ó mo thaobh féin de, áfach, ba é buille maraithe na muice é i gcaidreamh gnó neamhghairmiúil a bhí fada agus cráite gan ghá agus is mór agam bhur gcabhair ar mhaithe leis an ní a thabhairt chun réitigh dom. ”

“ Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an am a chaith sibh ar an ní seo agus as an aird a thug sibh air. Is mór an faoiseamh dom an ní seo a thabhairt chun deiridh agus is mór agam an fhíric gur léir gur chaith sibh am i leataobh chun an fhaisnéis agus na doiciméid (measartha trom) ar fad sa chás a athbhreithniú agus a bhreithniú. ”

Gearáin leis an Ombudsman

Féadfaidh gearánaigh atá míshásta gur chinn ÚRSD go raibh a ngearán neamh-inghlactha gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Rinneadh 38 ceann de na gearáin sin leis an Ombudsman sa bhliain 2020. Díobh sin, dúnadh 29 ceann ar an mbonn gur dheimhin leis an Ombudsman gur dhéileáil ÚRSD leis na nithe i gceart. Ag deireadh na bliana 2020, bhí trí ghearán san iomlán á n-imscrúdú ag an Ombudsman agus bhí sé ghearán ar feitheamh imscrúdú.

“Is eol dom gur ríomhphost fada agus próiseas fada é seo freisin agus ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur gcuid cúnamh agus foighne agus as idirghabháil chomh machnamhach agus chomh neamhchlaon sin a chur leis an bpróiseas seo.”

“Deimhním go bhfuil na cistí faighte agam... ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh thar ceann an teaghligh as bhur n-obair iontach.”

Bunaíodh an Binse Araíonachta

Bunaíodh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) an 23 Samhain 2020. Tá LPDT ina chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Breithneoidh sé gearáin faoi mhí-iompar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí, ar gearáin iad a tharchuirtear chuige ón gCoiste um Ghearáin de chuid ÚRSD nó ón Dlí-Chumann.

Faoi alt 75 den Acht, tá ag LPDT 33 comhalta san iomlán arna gceapadh ag Uachtarán na hArd-Chúirte ar ainmniú ón Aire. Tá aige 21 comhalta tuata arna n-ainmniú ag an Aire Dlí agus Cirt. Tá aige freisin seisear ainmnithe ó Bharra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin) agus seisear ainmnithe ón Dlí-Chumann. Is é Tom Coughlan, duine de na comhaltaí tuata ar ainmnigh an tAire é, an chéad chathaoirleach ar an mBinse. Tá taithí fhairsing ardbhainistíochta agus ceannaireachta ag an Uas. Coughlan. D'éirigh sé as a ról mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir tar éis gairm sa rialtas áitiúil. Tá LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus tá sé lonnaithe ina áitreabh féin i mBaile Átha Cliath 7. Soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil do LPDT. Is fostaithe de chuid ÚRSD iad an cúigear ball foirne tacaíochta de chuid LPDT agus tá a Chláraitheoir ina bhall d'fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD.

Tá bunú foirmiúil LPDT ag teacht sna sála ar an ullmhúchán a rinne a bhaill foirne tacaíochta thar roinnt míonna. Bhí roinnt de na baill foirne sin ar iasacht ó ÚRSD don Binse Araíonachta Aturnaetha. Tá LPDT ina chomharba ar an mBinse Araíonachta Aturnaetha agus ar an mBinse um Iompar Gairmiúil Abhcóidí. Ós rud é gur comhlacht reachtúil neamhspleách é, tabharfaidh LPDT tuairisc ar a chuid gníomhaíochtaí amach anseo ina Thuarascálacha Bliantúla féin.

Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán

Fás Leantach sa Líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

Lean an líon comhpháirtíochtaí aturnaetha a bhí ag lorg údarú ó Údarú chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ar aghaidh ag fás ar luas seasta sa bhliain 2020. Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta) (Alt 130), 2019, atá mar chreat údarúcháin um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, an 23 Deireadh Fómhair 2019.

Údaraíodh 230 comhpháirtíocht aturnaetha san iomlán chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2020. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 258 ceann an líon iomlán Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhí ag oibriú sa Stát faoi dheireadh na bliana 2020 (údaraíodh 28 gnólacht san iomlán chun oibriú sa bhliain 2019).

Leis an údarú chun oibriú faoi dhliteanas teoranta de réir an Achta, ceadaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha atá ann cheana a ndliteanas pearsanta a laghdú. Mar shampla, cosnaítear a gcuid sócmhainní pearsanta ar fhaillí na gcomhpháirtithe eile sa Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Is féidir fós go mbeidh comhpháirtí faoi dhliteanas fiachais, dualgais nó dliteanais a eascraíonn, mar shampla, as gníomh nó neamhghníomh ag an gcomhpháirtí a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis agus ab ábhar do chinneadh go raibh mí-iompar ann nó do chiontú coiriúil.

Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla nua oibriúcháin a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe. Déanann ÚRSD an Clár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a chothabháil agus a athrú chun dáta go rialta. Is liosta é sin de na comhpháirtíochtaí

aturnaetha atá údaraithe chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dhliteanais Theoranta. Tá an Clár ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Lean ÚRSD le teagmháil chuiditheach a choinneáil ar bun le hiarratasóirí agus le daoine eile ar fud na bliana 2020. Thug baill foirne freagra ar cheisteanna ó ghnólachtaí a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le próisis éagsúla faoi na Rialacháin. Áiríodh leo sin iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, ar scor d'oibriú agus ar ainm na gcomhpháirtithe i gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a athrú. Thug baill foirne ÚRSD freagra ar 50 ceist ó chomhpháirtíochtaí aturnaetha a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta.

Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar ÚRSD breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnólacht iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta laistigh de 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 34 lá an meán-aga próiseála sa bhliain 2020 le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta.


“Tá áthas orainn go mbeidh an Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i mbun éifeachta ón 1 Meitheamh 2020 i leith. Go raibh míle maith agaibh as bhur gcúnamh ar fad. Caithfidh mé a rá gur phróiseas éasca gan dua é seo, rud a thaitin liom.”

Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta nua sa bhliain 2020


Tugtar léargas úsáideach sna sonraí ó ÚRSD faoin 230 comhpháirtíocht aturnaetha a údaraíodh chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2020. Ar an iomlán, údaraíodh 74 Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i gContae Bhaile Átha Cliath, údaraíodh 38 ceann i gContae Chorcaí, údaraíodh 12 cheann i gContae na Gaillimhe agus údaraíodh ocht gcinn i ngach

ceann de na contaetha seo a leanas: Dún na nGall, Ciarraí, Cill Dara, Luimneach agus Lú. Bhí idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe ag formhór na gcomhpháirtithe aturnaetha (208 ceann) a údaraíodh mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Ag an taobh eile den scála, bhí breis agus 20 comhpháirtí ag ceithre chomhpháirtíocht aturnaetha san iomlán a údaraíodh sa bhliain.

TÁBLA 2: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2020 de réir Contae



TÁBLA 3: An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2020 de réir an Lín Chomhpháirtithe



An Dara Bliain den Tobhach ar na Gairmeacha

Sa bhliain 2020, d'eisigh ÚRSD an dara sraith fógraí measúnachta tobhaigh bhliantúil uaidh. Faoi Chuid 7 den Acht, is faoi réir an tobhach a íoc atá Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle an Bharra (ar a dtugtar Barra na hÉireann anois) agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Is é an tobhach príomhshásra cistiúcháin ÚRSD. Bhain méid an tobhaigh a bhí iníoctha sa bhliain 2020 leis na costais oibriúcháin agus na caiteachais riaracháin a thabhaigh an tÚdarás sa bhliain airgeadais 2019 a chumhdach.

Le toiliú ón Aire, chinn ÚRSD costais oibriúcháin agus caiteachais riaracháin an Údarás don bhliain airgeadais 2019. Ina dhiaidh sin, ríomh ÚRSD an sciar den tobhach a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí nach comhaltaí den Dlí-Chumann iad. Tá díolúine ón tobhach ag dlí-chleachtóirí atá i seirbhís lánaimseartha an Stáit faoi alt 97 den Acht. Toisc a chuirtear san áireamh le linn an tobhach a ríomh is ea an líon gearán a dhéantar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí. Thosaigh ÚRSD ar ghlacadh le gearáin maidir le dlí-chleachtóirí an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht. B'ionann an tobhach don bhliain airgeadais 2019 agus €103.19 in aghaidh an abhcóide nach comhalta den Leabharlann de é nó í, €104.04 in aghaidh an chomhalta den Leabharlann Dlí agus €111.06 in aghaidh an aturnaeh.

Mar a cheanglaítear le halt 95 den Acht, d'eisigh ÚRSD Fógraí Measúnachta Tobhaigh an 15 Iúil chuig an dá chomhlacht ghairmiúla agus chuig an 418 abhcóide aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Eisíodh 85 Fógra Breise san iomlán ina dhiaidh sin chuig abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad, mar a cheanglaítear le halt 96(2) den Acht. Chomh maith leis sin, fuair ÚRSD 104 cheist maidir leis an tobhach sa bhliain 2020 agus thug sé freagra orthu.

Bhí 99.8% den tobhach don bhliain airgeadais 2019 íoctha le ÚRSD faoi dheireadh na bliana 2020.

“ Ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuilim buíoch as an dóigh a bhfuiltear ag leanúint le táillí a shocrú ag leibhéal atá chomh réasúnach agus chomh híseal sin. ”

Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil

Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuadaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an Rolla ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Tá sé ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a bheith cinnte go bhfuil an t-abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Is gá freisin an tobhach ar abhcóidí a ríomh agus a riaradh i gceart.

Cuirtear cosc ar abhcóidí cáilithe le halt 136 den Acht seirbhísí dlí a sholáthar mura bhfuil a n-ainm taifeadta ar an Rolla.

Athraíonn ÚRSD an Rolla chun dáta ar bhonn tráthrialta, mar shampla i gcás go nglaoitear abhcóidí nua chun Barra na hÉireann agus go ndéanann siad iarratas ar a n-ainm a thaifeadadh ar an Rolla, i gcás

nach mór a mionsonraí a leasú, nó i gcás go scoireann siad de bheith ag cleachtadh agus go n-iarrann siad go mbainfí a n-ainm den Rolla.

Cuireadh mionsonraí 166 duine d'abhcóidí cleachtacha leis an Rolla le linn na bliana. Ba é trí lá oibre an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratas. Déileáladh sa bhliain 2020 le 87 ceist san iomlán a bhain leis an Rolla.

Mhéadaigh an líon abhcóidí ar an Rolla ó 2,735 duine an 1 Eanáir 2020 go 2,823 duine an 31 Nollaig 2020. Bhí 2,155 duine díobh sin ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí agus ní raibh 668 duine díobh ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí. Fuair ÚRSD 188 iarraidh ar leasuithe ar an Rolla le linn na bliana.

I gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach, féadfaidh abhcóidí iarratas a dhéanamh go mbainfí a n-ainm den Rolla. Féadfaidh ÚRSD abhcóidí a bhaint den Rolla ar chúiseanna eile, lena n-áirítear mainneachtain an tobhach a íoc. Baineadh 76 abhcóide san iomlán den Rolla sa bhliain 2020.

Glacann ÚRSD Freagracht as Fógraíocht ag Dlí-Chleachtóirí

I mí na Nollag 2020, ghlac ÚRSD freagracht as fógraíocht ag dlí-chleachtóirí a rialáil faoi na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Fógraíocht), 2020. Fágann sé sin gurb amhlaidh, den chéad uair riamh, go rialálann ÚRSD fógraíocht ag gach dlí-chleachtóir i dtaca le soláthar seirbhísí dlí faoi na rialacha céanna.

Tá feidhm ag na Rialacháin Fógraíochta maidir le dlí-chleachtóirí, le comhpháirtíochtaí dlí, le cleachtais ildisciplíneacha, le comhpháirtíochtaí dlíteanais theoranta agus le grúpaí dlí-chleachtóirí a chomhroinneann saoráid, áitreabh nó costas cleachtais.

Ba é Dlí-Chumann na hÉireann, faoi na Rialacháin Fógraíochta d'Aturnaetha, 2019, a rialáil fógraíocht ag aturnaetha roimhe sin. Is í seo an chéad uair riamh a leagadh rialacha reachtúla le haghaidh fógraíochta amach d'abhcóidí.

Faoi na rialacháin sin, ceadaítear do dhlí-chleachtóirí a seirbhísí dlí a fhógairt, ach cuirtear roinnt srianta ar ábhar agus riocht na bhfógraí. Tríd is tríd, treisítear leis na rialacháin sin na toirmisc atá ann cheana ar sheirbhísí dlí a fhógairt agus cruthaítear leo teorainneacha nua.

Sular eisigh sé na Rialacháin Fógraíochta, ghlac ÚRSD páirt in dhá chéim comhairliúcháin leis na comhlachtaí gairmiúla, le habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad agus le príomh-gheallsealbhóirí eile. Chomh maith leis sin, bhí ÚRSD i mbun teagmhála leis an Roinn Dlí agus Cirt agus le Coimisiún AE mar chuid den phróiseas sin.

ÚRSD agus Iarratais ‘Abhcóide Sinsir’

I mí Aibreáin, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht. Is é ról an Choiste Chomhairligh moltaí a dhéanamh don Rialtas chun Paitinní Tosaíochta a dheonú d'iarratasóirí ar aturnaetha nó abhcóidí iad. Tá teidlíocht ag aturnaetha nó abhcóide a ndéonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di chun úsáid a bhaint as an teideal ‘Abhcóide Sinsir’. De bhreis air sin, tá teidlíocht ag abhcóide a ndéonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsir. Sular bunaíodh an córas iarratas nua a cruthaíodh san Acht, ní raibh teidlíocht chun an teideal ‘Abhcóide Sinsir’ a lorg ach amháin ag abhcóidí.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí. D'ainmnigh an tAire Dlí agus Cirt an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, chuig an gCoiste Comhairleach sa bhliain 2020. Thug ÚRSD cúnaimh cléireachais agus riaracháin don Choiste le linn na bliana 2020. D'eisigh an Coiste an chéad ghlaó uaidh le haghaidh iarratas ar mholtaí i mí an Mheithimh 2020. Fuair sé 76 iarratas san iomlán – 47 ceann ó aturnaetha agus 29 ceann ó abhcóidí. I mí Mheán Fómhair, cheadaigh an Rialtas deonú an teidil “Abhcóide Sinsir” do 20 abhcóide agus do 17 n-aturnaetha, bunaithe ar na moltaí ón gCoiste.

Rinneadh glao an Choiste le haghaidh iarratas trí shuíomh Gréasáin ÚRSD, ar ar postáladh faisnéis mhionsonraithe d'iarratasóirí, foirmeacha iarratais san áireamh. Osclaíodh an dara glao ón gCoiste le haghaidh iarratas i mí na Nollag 2020. Dúnadh é i mí Feabhra 2021.

3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid

Tuarascálacha Taighde agus Moltaí



I mbliana, foilsíodh cúig tuarascáil reachtúla san iomlán atá ag teacht le raon fheidhmeanna an Údaráis agus leis na freagrachtaí atá air faoin Acht as taighde agus tuairisciú a dhéanamh.

An Chéad agus an Dara Tuarascáil ar Ghearáin

Ceanglaítear orainn leis an Acht tuarascáil ar oibriú ár bhfeidhme neamhspleáiche láimhseála gearán a fhoilsiú gach sé mhí. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht. Foilsíodh an chéad tuarascáil uainn ar ghearáin faoi alt 73 den Acht i mí Aibreáin 2020. Tuairiscíodh

intí ar ghearáin suas go dtí an 6 Márta 2020 Sa dara tuarascáil ar ghearáin, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair, cumhdaíodh an tréimhse tuairiscithe ón 7 Márta go dtí an 6 Meán Fómhair 2020.

Tá sé beartaithe go rachaidh na tuarascálacha leathbhliantúla sin chun tairbhe don phobal agus do dhlí-chleachtóirí araon. Leagtar béim iontu ar théamaí atá ag teacht chun cinn i ngearáin agus chun a shainaithint cé na réimsí a bhféadfaimis ceachtanna a fhoghlaim agus caighdeán a ardú iontu. Áirítear leis na tuarascálacha seo freisin cás-staidéir anaithnidithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le tomhaltóirí agus le soláthraithe seirbhíse dlí araon foghlaim ónár scrúdú ar ghearáin aonair.

An Chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir le Beartais maidir le Glacadh

Rinneadh an chéad tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Aibreáin 2020 agus a leagan faoi bháid Thithe an Oireachtais i mí an Mheithimh. Ceanglaíodh an tuarascáil *Pathways to the Professions* faoi alt 33 den Acht, a tosaíodh an 7 Deireadh Fómhair 2019. Sa tuarascáil sin, cuireadh sonraí cuimsitheacha i láthair faoin líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí le linn na bliana 2019. Tháinig sé sna sála ar chomhairliúchán reachtúil a bhfuarthas 17 n-aighneacht i scríbhinn san iomlán ina leith. Is ionann an tuarascáil agus bonnlíne thábhachtach ónár féidir léargas níos iomláine agus níos caolchúisí a chur le chéile le himeacht ama ar na tosca éagsúla a dhéanann difear don réimse tábhachtach seo.

An Tuarascáil Deiridh ar an Oideachas agus an Oilúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí

Chuir an tÚdarás tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Mheán Fómhair 2020 ina ndearnadh 12 mholadh le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas agus an oilúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí. Rinneadh an tuarascáil a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais i mí na Samhna 2020.

Sa tuarascáil dar teideal *Setting Standards: Legal Practitioner Education and Training*, moladh athchóirithe a raibh mar aidhm leo an inniúlacht agus na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh mar aturnaetha nó abhcóidí a shainiú den chéad uair riamh. Moladh inti go mbunófaí creat reachtúil chun soláthraithe reatha oideachais agus oilúna do

dhlí-chleachtóirí a chreidiúnú. Moladh inti freisin go dtabharfaí deis do sholáthraithe nua den chéad uair riamh creidiúnú a ghnóthú ar mhaithe le hoiliúint ghairmiúil a sholáthar d'aturnaetha agus d'abhcóidí. Tá an 12 mholadh ón tuarascáil leagtha amach ina n-iomláine ar leathanach 33.

Ba í *'Setting Standards: Legal Practitioner Education and Training'* an dara tuarascáil a chuir an tÚdarás faoi bhráid an Aire i gcomhlíonadh an dualgais reachtúil atá air faoi alt 34(1)(a) den Acht tuairisc a thabhairt ar na socruithe oideachais agus oilúna sa Stát do dhlí-chleachtóirí.

Chuir an tÚdarás an chéad tuarascáil reachtúil uaidh faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2018. I dteannta na tuarascála sin, soláthraíodh mionstaidéar a rinne sainfhoireann athbhreithnithe sheachtraigh ar fhostaigh an tÚdarás é. Sa tuarascáil athbhreithnithe sheachtraigh ó Hook Tangaza Consultants, leagadh amach sraith tograí le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas agus an oilúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí.

Thángthas sa tuarascáil ón bhfoireann athbhreithnithe ar fhianaise:

- go bhfuil easpa soiléire ann maidir leis na hinniúlachtaí a theastaíonn ó aturnaetha agus abhcóidí;
- gurb ann do bhacainní indéreacha ar dhul isteach sna gairmeacha;
- gurb ann do dhúbailt nach gá san fhoghlaim agus sa mheasúnú;
- nach bhfuil na scileanna a theagasctar i gcúrsaí reatha cáilíochta gairmiúla ag teacht leis na riachtanais atá ag úsáideoirí seirbhíse dlí;
- gurb ann do bharnaí cáilíochta áirithe, agus
- gur beag formhaoirseacht neamhspleách a dhéantar ar an gcóras oideachais agus oilúna dlí-chleachtóirí.

Gníomhaíocht Leantach ar an Tuarascáil ‘Setting Standards’

Thug Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach ÚRSD breac-chuntas ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil ‘**Setting Standards**’ ón Údarás le linn cruinniú fíorúil a cuireadh ar siúl leis an Aire Dlí agus Cirt agus leis an Aire Stáit i mí Dheireadh Fómhair. Ag teacht sna sála ar an gcruinniú sin, chuir an tAire in iúl don Údarás go n-oibreodh a roinn i gcomhar leis chun dréachtú a dhéanamh ar phlean cur chun feidhme a mbeadh mar aidhm leis an dóigh a bhfuil oideachas agus oiliúint á cur ar ghairmithe dlí faoi láthair a athchóiriú.

Chomh maith leis sin, d’iarr an tAire ar an Údarás tuilleadh taighde a dhéanamh faoi alt 34 den Acht agus tuairisc a thabhairt ar mholtaí le haghaidh athruithe. Ba é a bhí i gceist leis an iarraidh ón Aire go mbreithneodh ÚRSD na bacainní eacnamaíocha agus na bacainní eile a mbíonn abhcóidí óga agus aturnaetha óga ag dul i ngleic leo tar éis dóibh a gcáilíocht ghairmiúil a bhaint amach. D’iarr an tAire ar ÚRSD aird ar leith a thabhairt, agus na saincheisteanna sin á mbreithniú aige, ar an gcothroime rochtana agus glactha isteach sna gairmeacha dlí d’fhonn éagsúlacht níos mó a bhaint amach laistigh de na gairmeacha. Chuir foireann ÚRSD tús lena cuid oibre ar an iarraidh sin sa bhliain 2020. Leanfar leis an obair sin sa bhliain 2021, tráth a dhéanfar suirbhéanna gairmiúla ar oiliúnaithe agus ar aturnaetha agus abhcóidí atá tar éis a ngairm a thosú.

Tuarascáil ar Cheist an Aontaithe

Cuireadh tuarascáil thábhachtach eile faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Mheán Fómhair chun comhlíonadh a dhéanamh ar an dualgas reachtúil atá ar an Údarás faoi alt 34(1)(b) den Acht tuairisc a thabhairt sa bhliain 2020 ar an gceist faoi “cé acu ba cheart nó nár cheart gairm na n-atarneatha agus gairm na n-abhcóidí a aontú”.

Sa tuarascáil dar teideal **Greater than the Sum of Its Parts? Consideration of Unification of the Solicitors’ Profession and Barristers’ Profession**, thángthas ar an gconclúid go mbeadh sé róluath ag an gcéim seo d’amhlíne rialála an Údaráis a mholadh go n-aontófaí an dá chraobh den ghairm. Gheall an tÚdarás go bhféachfadh sé arís ar an n-ádh laistigh de chúig bliana. Meastar gur leor forbairt a bheidh tagtha ar an tírdhreach le haghaidh soláthar seirbhísí dlí idir an dá linn chun cur ar chumas an Údaráis ceist an aontaithe a cuireadh san Acht a athbhreithniú.

Luadh sa tuarascáil gur chuir an tÚdarás san áireamh na hathchóirithe beartaithe, féideartha agus ar feitheamh a d’athródh an tírdhreach le haghaidh soláthar seirbhísí dlí sna blianta atá le teacht, mar aon leis an tionchar a bheidh ag an gcreat rialála ar abhcóidí agus ar aturnaetha. Ba é tionchar na n-athchóirithe sin go dtabharfaí modhanna nua isteach le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar agus go leathnófaí scóip na samhlacha atá ann cheana.

Rinneadh an tuarascáil sin a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais i mí na Samhna 2020.

Setting Standards: Tuarascáil ar an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí 2020

Sa doiciméad dar teideal ‘**Setting Standards: Legal Practitioner Education and Training**’, déantar dhá mholadh déag thábhachtacha le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas agus an oiliúint dlí a chuirtear ar aturnaetha agus ar abhcóidí. Tá na moltaí mar a leanas:

1. Molann an tÚdarás go dtabharfaí isteach an creat reachtúil is gá chun Coiste neamhspleách um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bhunú.
2. Molann an tÚdarás gur cheart a chur de chúram ar an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí sainiú soiléir ar an inniúlacht agus na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh mar aturnaé nó abhcóide a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil.
3. Ar aon dul le hualach na fianaise arna bailiú, molann an tÚdarás gur cheart an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bheith bunaithe ag an Údarás agus go mbeadh an Coiste neamhspleách ar ÚRSD ó thaobh cinnteoireachta de.
4. Molann an tÚdarás go gcuirfí ceangal reachtúil ar an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí na feidhmeanna seo a leanas a fheidhmiú agus go gcumhachtófaí dó déanamh amhlaidh:
 - An Creat Inniúlachta um an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí a shocrú;
 - Tacar coiteann inniúlachtaí agus caighdeán a fhorbairt don ghlacadh isteach in oiliúint ghairmiúil dlí;
 - A chinntiú go gcloífídh soláthraithe reatha oideachais agus oiliúna dlí ar bhonn leanúnach leis na caighdeáin a éilítear leis an gCreat Inniúlachta;
 - Soláthraithe nua oideachais agus oiliúna dlí a mhionscrúdú agus a chreidiúnú ar bhonn critéar socraithe arna mbunú ag an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí;
 - Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna dlí;
 - Nuálaíocht a spreagadh i soláthar an oideachais agus na hoiliúna dlí;
 - Éagsúlacht a spreagadh san oideachas agus an oiliúint dlí;
 - Caidreamh a dhéanamh le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus an oiliúint dlí.
5. Molann an tÚdarás go dtabharfaí an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí aird a thabhairt do shraith cuspóirí reachtúla le linn dó na feidhmeanna thuas a chomhlíonadh. D’fhéadfadh go n-áireofaí leo sin:
 - Oideachas agus oiliúint dlí den chaighdeán is airde a chur chun cinn;
 - Éagsúlacht a chur chun cinn san oideachas agus an oiliúint dlí;
 - Oiliúint i gcaighdeáin eiticiúla a spreagadh i ngach gné den oideachas agus an oiliúint dlí;
 - Rochtain ar oideachas agus oiliúint dlí spreagadh;
 - Leasanna thomhaltóirí an oideachais agus na hoiliúna dlí a chosaint agus a chur chun cinn.
6. Molann an tÚdarás go gcuirfí ceangal reachtúil ar an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, i gcomhréir leis an gceanglas reachtúil atá ar an Údarás faoi alt 13 d’Acht 2015 bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.
7. Molann an tÚdarás go gceadófaí don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí rialacháin a dhéanamh nuair is gá, mar shampla déanamh iarratas ar chreidiúnú mar sholáthraí nua oideachais agus oiliúna dlí a rialáil.
8. Molann an tÚdarás go gcomhdhéanfaí an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí mar Choiste páirtaimseartha a gheobhadh tacaíocht riaracháin agus lóistíochtúil ó Choiste Feidhmiúcháin ÚRSD. Chabhródh sé sin le laghdú a dhéanamh ar na costais riaracháin agus bhunaíochta a bhaineann leis an gCoiste a reáchtáil.
9. Molann an tÚdarás go mbeadh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí comhdhéanta de líon comhaltáí nach mó ná seachtar.
10. Molann an tÚdarás go socrófaí clár céimnithe oibre don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí, mar atá mionsonraithe sa tuarascáil seo.
11. Molann an tÚdarás go gcuirfí an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí trí shamhail chistiúcháin chumaisc a bheidh comhdhéanta de dheontas Stáit agus de tháill creidiúnúcháin arna mbailiú ó sholáthraithe.
12. Molann an tÚdarás go nglacfaidh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí an “Ráiteas ar Phrionsabail le haghaidh Bailíochtú, Creidiúnú Gairmiúil agus Ceadú a Thabhairt do Chláir agus le haghaidh Teagmhálacha Gairmiúla eile le Soláthraithe Oideachais” ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus go gcloífeadh siad leis agus é tugtha chun críche.

Cumarsáid agus Caidreamh

Tugaimid tús áite mar eagraíocht d'oidreachas a chur ar dhlí-chleachtóirí agus eolas a thabhairt dóibh. Déanaimid dianiarracht dlíodóirí a choinneáil ar an eolas faoi na hoibleagáid rialála atá orthu agus faoi aon athruithe eile ar na hoibleagáid sin a eascraíonn as rialacháin nua. Déanaimid amhlaidh trí theagmháil dhíreach shoiléir thráthrialta a choinneáil ar bun leis na gairmeacha agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha.

Bhí tionchar ag tús phaindéim Covid-19 i mí an Mhárta 2020 ar an líon cruinnithe duine le duine agus an líon teagmhálacha a bhíonn ag baill foirne ÚRSD de ghnáth sa bhliain. Áirítear leo sin ócáidí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí le haturnaetha agus le habhcóidí. Cosúil lena lán eagraíochtaí eile, chuaigh ÚRSD i dtáithí ar chruinnithe agus ócáidí ar líne go mear.

Le linn na bliana tuairiscithe, bhí ceithre chruinniú san iomlán ag an bPríomhfheidhmeannach leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí. Cuireadh trí cinn díobh ar siúl ar líne. Don tríú bliain i ndiaidh a chéile, bhí an Príomhfheidhmeannach ina aoichainteoir ag ócáid seolta an tsuirbhé bhliantúil ar ghnólachtaí dlí Éireannacha arna reáchtáil ag Smith & Williamson. Cuireadh an ócáid sin ar siúl ar líne freisin.

Mar chuid de chaidreamh leanúnach ÚRSD le geallsealbhóirí, thug an Príomhfheidhmeannach cainteanna ag trí ócáid Forbartha Gairmiúla Leanúnaí san iomlán a cuireadh ar siúl i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge. Cuireadh gach ceann díobh ar siúl roimh

theacht i bhfeidhm na srianta ar thionól daoine, a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. D'óstáil Barra na hÉireann, Comhlachas Barra Thamhlachta agus Comhlachas Barra Phort Láirge na seisiún sin. Pléadh topaicí éagsúla le linn na seisiún sin. Áiríodh leo sin Comhpháirtíochtaí Dlíteanais Theoranta a thabhairt isteach; próisis láimhseála gearán ÚRSD; na Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla; agus an t-eolas is deireanaí ar obair ÚRSD go dtí seo. Tugtar liosta iomlán in Aguisín 1 de na gníomhaíochtaí sin agus de gníomhaíochtaí eile a rinneadh.

Bhí cumarsáid ina gné lárnach d'obair ÚRSD le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le cur leis an bhfeasacht atá ag an bpobal, ag tomhaltóirí seirbhísí dlí agus ag ár mórbonn geallsealbhóirí ar ár bhfeidhmeanna reachtúla.

Féachaimid le teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí trí na meáin thraidisiúnta, na meáin shóisialta agus ar bhonn duine le duine agus, mar a tharla ar bhonn níos minice le linn bhliain na paindéime, trí ghníomhaíochtaí ar líne. Chun feidhmíocht éifeachtach ár gcumarsáidí a chinntiú, tá sé tábhachtach a aithint cé hiad ár ngeallsealbhóirí agus ár gcumarsáidí a chur in oiriúint do spriocphobail ábhartha chun a chinntiú go soláthrófar teachtaireachtaí tábhachtacha ar an mbealach is mó tionchar.

Rinne an Dr Brian Doherty, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, cathaoirleacht ar sheisiún le linn Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ba é **Ar Lorg Réiteach, ní Smachtbhannaí: Na Cineálacha Difriúla Cur Chuige a Ghlactar san Eoraip agus san Afraic i leith Prionsabail Cheartais Aisrioch a Chur i bhFeidhm maidir le Rialáil Dlí** teideal an tseisiúin. Ba iad seo na cainteoirí ag an ócáid: an Dr Ian Marder, Léachtóir le Coireolaíocht, Ollscoil Mhá Nuad; Ger Deering, an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean in Éirinn; agus Merete Smith, Ard-Rúnaí Comhlachas Barra na hIorua.

Ardáin Dhigiteacha Nua agus Fheabhsaithe

I mí an Mhárta 2020, chuireamar athdhearadh agus atógáil shuntasach ár suímh Ghréasáin i gcrích chun feabhas a chur ar inúsáidteacht agus ar an eispéireas úsáide. Cuimsítear sa suíomh nua inneachar úrnua do sholáthraithe seirbhísí dlí agus do thomhaltóirí. Áirítear gnéithe inrochtaineachta leis agus tá sé barrfheabhsaithe go hiomlán lena úsáid ar ghléasanna móibileacha. Is garsprioc thábhachtach í sin dár gcuid oibre ar fheasacht a mhéadú i measc tomhaltóirí agus dlíodóirí araon ar conas a rialálaimid agus ar na seirbhísí a sholáthraimid. Tá sé beartaithe tuilleadh uasghráduithe a dhéanamh sna blianta atá le teacht.

Bhí méadú pas beag níos mó ná 50% ann sa líon cuairteoirí ar ár suíomh Gréasáin sa bhliain 2020. bhí 42,425 úsáideoir ag an suíomh sa bhliain, ar méadú é ón 21,088 úsáideoir a bhí aige sa bhliain 2019. Bainimid úsáid as an rannán 'Latest News and Activities' ar an suíomh Gréasáin chun fógraí atá ábhartha do dhlí-chleachtóirí agus do thomhaltóirí araon a eisiúint. Áirítear leo sin ár socruithe cianoibre le linn phaindéim Covid-19, ár gcomhairliúcháin oscailte, agus faisnéis faoin tabhairt isteach rialachán nua. Rianaímid na leathanaigh is mó spéis i measc ár ngeallsealbhóirí trí Google Analytics a úsáid.

I mí na Nollag 2020, bhunaíomar cuntas ar Twitter – @LSRAIreland. Cuirtear ar ár gcumas leis cumarsáid dhíreach a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne agus teachtaireachtaí agus forbairtí tábhachtacha a chur in iúl. Bhí níos mó ná 150 leantóir ag an gcuntas laistigh de 24 uair an chloig. Is féidir ár mbeartas maidir le Twitter a léamh ar ár suíomh Gréasáin.



Clúdach sna Meáin ar ár gCuid Oibre

D'eisigh ÚRSD seacht bpreaseisiúint san iomlán sa bhliain 2020 agus phostáil sé 16 alt inar tugadh an t-eolas is deireanaí sa rannán 'Latest News and Activities' ar an suíomh Gréasáin. Tuairiscíodh orainn sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha agus i bhfoilseacháin dlí as roinnt de na fógraí agus na tuarascálacha a rinneamar. Áiríodh leo sin staitisticí ar ghearáin a fuairamar faoi aturnaetha agus abhcóidí, rud a chuireamar ar áireamh sna tuarascálacha a d'eisiamar i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair. Clúdáidh sna meáin náisiúnta freisin na moltaí a rinneamar le haghaidh an t-oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí a athchóiriú. De bhreis

air sin, d'fhoilsigh The Irish Times alt tuairimíochta ó Chathaoirleach an Údaráis ar na hathchóirithe molta, mar aon le heagarfhocal.

Cuireadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi agallamh ceithre huaire san iomlán ar an raidió náisiúnta agus réigiúnach. Thug ár bpreasoifig freagra ar 22 iarraidh dhíreach san iomlán a fuarthas ó iriseoirí sa bhliain.

De bhreis air sin, tugadh gnéithe agus an t-eolas is deireanaí go tráthrialta dá gcomhaltaí in Iris Dhlí-Chumann na hÉireann, in Athbhreithniú Barra Bharra na hÉireann agus in The Parchment, arb é foilseachán Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath é, ar obair ÚRSD, lena n-áirítear ár moltaí le haghaidh athchóirithe.



4. Rialachas agus Bainistíocht

Comhaltaí den Údarás



An Dr Don Thornhill – Cathaoirleach

Déanann an Dr Don Thornhill cathaoirleacht ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí faoi láthair. Déanann sé cathaoirleacht ar Bhuanchoiste Ospidéil Mháithreachais Bhaile Átha Cliath freisin agus tá sé ina chomhairleoir agus ina shainchomhairleoir ar chúrsaí straitéise agus beartais. Bhí sé ina chomhalta den bhord ar roinnt comhlachtaí eile roimhe seo, lena n-áiríodh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Coláiste Hibernia, Bord Rialála na gCuntasóirí Cairte, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochtaí, Foras Bainistíochta na hÉireann, Forfás, An Mol Digiteach, Coimisiún Fulbright agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Idir na blianta 1993 agus 2005, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás um Ard-Oideachas.



Eileen Barrington SC

Tá Eileen Barrington ina céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Óstaí an Rí agus Choláiste na hEorpa, Brugge. Thosaigh Eileen ag cleachtadh mar abhcóide sa bhliain 1994 agus d'éirigh sí ina habhcóide sinisir sa bhliain 2011. Pléann sí go príomha le dlí na hEorpa agus leis an dlí tráchtála, riaracháin agus rialála.



Angela Black

Tá Angela Black ina Príomhfheidhmeannach ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá Angela cáilithe i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus i riosca baincéireachta agus, ag obair di sa Roinn Airgeadais, ghnóthaigh sí taithí ar sheirbhísí airgeadais do thomhaltóirí. Tá taithí aici freisin ar idirbheartaíocht na hÉireann le Coimisiún an Aontais Eorpach. D'oibrigh sí ar sheirbhísí airgeadais sa Choimisiún Eorpach sa Bhruiséil ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2011 agus rinne sí cathaoirleacht ar an idirbheartaíocht i bParlaimint na hEorpa ar an treoir um chreidmheas morgáiste.



Geraldine Clarke

Tá Geraldine Clarke ina comhpháirtí le Gleeson McGrath Baldwin Solicitors i mBaile Átha Cliath, áit a bpléann sí le réimse na dlíthíochta. Bhí sí ina hUachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo. Tá sí ina hiar-Chathaoirleach ar an gCoiste um Eitic Ghairmiúil de chuid an Chomhlachais Bharra Idirnáisiúnta agus d'fhóin sí mar chomhalta de Bhord Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.



Joan Crawford

Tá Joan Crawford ina Bainisteoir Réigiúnach leis an mBord um Chúnadh Dlíthiúil. Roimhe seo, bhí sí ina hAturnae agus, ina dhiaidh sin, ina hAturnae Bainistíochta in Ionaid Dlí éagsúla i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina cáil reatha, cabhraíonn Joan le beartas, rialachas agus straitéis a fhorbairt don Bhord, i measc nithe eile. Tá taithí aici sa chleachtadh ginearálta agus sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aici freisin ar an dlí teaghlaigh agus ar a bheith ag plé le cásanna idirghabhála, fuadach leanaí agus cúram leanaí sna cúirteanna uile. Tá céim Mháistreacht ag Joan i mBainistíocht Phoiblí agus tá Diplómaí aici i nDlí na hEorpa, sa Dlí um Chúram Leanaí agus sa Dlí um Meabhairshláinte agus Cumas. Tá sí ina comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus den Chomhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh.



Stephen Fitzpatrick

Tá Stephen Fitzpatrick ina chomhpháirtí bainistíochta le Peter Fitzpatrick & Co. Legal Costs Accountants. Is Idirghabhálaí agus Dlíodóir Costas é freisin. Bhí Stephen ina Rúnaí d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí roimhe seo. Tá sé ina chomhalta de bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ón mbliain 2016 amach agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis faoi láthair.



Dermott Jewell

Tá Dermott Jewell ina Chomhairleoir Beartais agus Comhairle do Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Toghadh é mar Uachtarán ar ANEC – Guth Thomhaltóirí na hEorpa sa Chaighdeánú i mí an Mheithimh 2019. Tá an tUas. Jewell ina chomhalta den Institiúid Chairte Eadrána (CI Arb) (Craobh Éireannach) agus tá sé creidiúnaithe in Imscrúdú agus Idirghabháil Fostaíochta. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí. Bhronn an Foras Riaracháin-an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Teastas Gairmiúil i Rialachas air le déanaí.



James MacGuill (ar tháinig a théarma chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2020)

Agus céim Bhaitsiléara aige sa Dlí Sibhialta ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, cháiligh James MacGuill mar aturnae sa bhliain 1986. Tá sé ag cleachtadh go leanúnach ó shin i leith, agus é ag plé go príomha leis an dlí poiblí. D'fhóin sé mar Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo (2007/2008) agus is é an Dara Leas-Uachtarán ar Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa faoi láthair.



Deirdre Mc Hugh

Tá Deirdre McHugh ina Ceann um Ghnóthaí Idirnáisiúnta sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Bhí sí ina Ceann um Thathant sa Choimisiún roimhe seo agus tá taithí fhairsing aici i réimse an bheartais um iomaíocht agus um thomhaltóirí. Tá Diplóma larchéime ag Deirdre i nDlí Iomaíochta an Aontais Eorpaigh ó Choláiste an Rí, Londain. Tá MSc (Iomaíocht agus Rialáil) aici ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus tá céim Mháistreacht (Eacnamaíocht) aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Sara Moorhead SC

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hIdirghabhálaí Creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú Breithiúnach; Díobhálacha Pearsanta; an Dlí Riaracháin agus Dlí na gConarthaí; Faillí Leighis; Faillí Ghairmiúil; an Dlí Árachais; agus an Dlí Neamhghiúiré, Tearmainn agus Inimirce. Rinne sí ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt Binsí Fiosrúcháin freisin.



Simon Murphy (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2020)

Is comhpháirtí in JRAP O'Meara LLP Solicitors i gCorcaigh é Simon Murphy. Is Eadránaí agus Idirghabhálaí cáilithe é agus is comhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe é. Tá sé ina idirghabhálaí creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí freisin. D'fhóin Simon mar Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann sa bhliain 2015-2016. Chaith sé roinnt mhaith blianta mar chomhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann. Tá sé ina iar-uachtarán ar Chomhlachas Dlí an Deiscirt.



An tOll. Gerry Whyte (ar tháinig a théarma chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2020)

Tá Gerry Whyte ina Ollamh i Scoil Dlí na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé ina údar agus ina chomhúdar ar leabhair ar dhlí leas an phobail, ar an dlí bunreachtúil agus ar an dlí ceardchumann. Rinne sé eagarthóireacht ar leabhair ar ghnéithe den dlí agus den chreideamh agus ar dhlí leasa shóisialaigh na hÉireann chomh maith. Tá sé gníomhach i roinnt eagraíochtaí ceartais shóisialta agus cúnaimh dhlíthiúil.

Ceapacháin agus Athcheapacháin chuig an Údarás sa bhliain 2020

Ag teacht sna sála ar chinneadh ón rialtas a rinneadh an 28 Deireadh Fómhair 2020, rinne an Dáil agus an Seanad ceapadh comhalta nua amháin den Údarás agus athcheapadh ceathrar comhaltaí reatha den Údarás a cheadú Dé Máirt an 10 Samhain 2020.

Ba iad seo a leanas an ceapachán agus na hathcheapacháin sin, a tháinig in éifeacht an 1 Deireadh Fómhair 2020:

- **Eileen Barrington SC**, ainmní athcheaptha ó Chumann Onórach Óstaí an Rí.
- **Angela Black**, ainmní athcheaptha ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
- **Joan Crawford**, ainmní athcheaptha ón mBord um Chúnadh Dlíthiúil.
- **An Dr Don Thornhill (Cathaoirleach)**, ainmní athcheaptha ón Údarás um Ard-Oideachas.
- **Simon Murphy**, ainmní nuacheaptha ó Dhlí-Chumann na hÉireann.

D'éirigh beirt Chomhaltaí den Údarás as sa bhliain 2020

Tháinig téarma beirt chomhaltaí den Údarás chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2020. Ba iad sin: James MacGuill, ainmní ó Dhlí-Chumann na hÉireann, ar tháinig Simon Murphy isteach ina áit; agus an tOll. Gerry Whyte, an t-ainmní ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Fágann sé sin go raibh an tÚdarás comhdhéanta de dheichniúr comhaltaí idir mí Dheireadh Fómhair 2020 agus mí na Nollag 2020. Ceadáítear é sin faoin Acht.



Ár n-oifigí nua i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7

TÁBLA 4: Téarmaí Oifige na gComhaltaí den Údarás

Comhalta den Údarás	Eagraíocht	An Chéad Téarma Ceapacháin ¹	An Dara Téarma Ceapacháin ²
Angela Black	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	4 Bliana	4 Bliana
Don Thornhill (Cathaoirleach)	An tÚdarás um Ard-Oideachas	4 Bliana	4 Bliana
Deirdre McHugh	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	3 Bliana	3 Bliana
Gerry Whyte ^{3***}	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4 Bliana	Go dtí an 30/09/2020
Stephen Fitzpatrick	Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí	3 Bliana	3 Bliana
Dermott Jewell	Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	3 Bliana	3 Bliana
Sara Moorhead ⁴	Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	3 Bliana	3 Bliana
Joan Crawford	An Bord um Chúnadh Dlíthiúil	4 Bliana	4 Bliana
Eileen Barrington	Cumann Onórach Óstaí an Rí	4 Bliana	4 Bliana
James MacGuill	Dlí-Chumann na hÉireann	4 Bliana	Go dtí an 30/09/2020
Geraldine Clarke	Dlí-Chumann na hÉireann	3 Bliana	3 Bliana
Simon Murphy ⁵	Dlí-Chumann na hÉireann	4 Bliana	-

¹ Faoi alt 10 den Acht, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana. Féadfaidh comhaltaí a bheith athcheaptha chuig an Údarás. Mar sin féin, ní bheidh téarma an cheapacháin níos faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.

² Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma 3 bliana a dtéarma a fhadú go ceann 3 bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.

³ Níor deimhníodh an t-ainmniúchán ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi dheireadh na bliana 2020. Folúntas ón 1 Deireadh Fómhair 2020 i leith.

⁴ Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barnville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh.

⁵ Ceapadh Simon Murphy chuig an Údarás.

Gníomhaíochtaí an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain, agus corp suntasach oibre á chur i gcrích aige chun leanúint leis an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a fhorbairt. De bharr thionchair Covid-19 ar ghnó agus de bharr na srianta gaolmhara a tugadh isteach, cuireadh ceithre cinn de na cruinnithe sin ar siúl ar líne. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

An Chéad Chruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain, a cuireadh ar siúl an 23 Eanáir, bhunaigh an tÚdarás an Coiste um Ghearáin de bhun Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar Bhuiséad ÚRSD don bhliain 2020 agus ar an bplean oibre gaolmhar. Cheadaigh an tÚdarás dréacht-Tuarascáil Bhliantúil ÚRSD don bhliain 2019.

An Dara Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an dara cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 2 Aibreán 2020, d'athbhreithnigh an tÚdarás aistriú ÚRSD chuig áitreabh nua an 27 Márta 2020 agus phléigh sé Plean Leanúnachais Ghnó ÚRSD chun oibríochtaí barrmhaithe a chinntiú le linn na srianta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Leagadh Covid-19 agus na tionchair atá ag gabháil leis síos mar bhuanmhír ar an gclár Rioscaí ÚRSD don bhliain 2020. Cheadaigh an tÚdarás Dréacht-Ráitis Airgeadais ÚRSD don bhliain 2019. Bhunaigh an tÚdarás an Coiste Athbhreithnithe de bhun Chuid 6 d'Acht 2015. Chomh maith leis sin, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach neamhspleách um dheonú Paitinní Tosaíochta de bhun Chuid 12 den Acht. Chomhaontaigh an tÚdarás an cur chuige a ghlacfaí i leith tabhairt faoin tuarascáil reachtúil ar an gceist faoi Aontú na nGairmeacha de bhun alt 34(1)(b) den Acht. Cheadaigh an tÚdarás an Tuarascáil Bhliantúil reachtúil maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh de bhun alt 33 den Acht.

An Tríú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an tríú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 25 Meitheamh, thug an tÚdarás ceadú agus údarú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun teagmháil a dhéanamh leis an Dlí-Chumann thar a cheann i dtaca leis na Rialacháin um na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015 (an Coiste um Rialáil Cleachtas), 2020. Rinne an tÚdarás athbhreithniú agus ceadú ar bhuiséad leasaithe ÚRSD, a coigeartaíodh chun tionchair phaindéim Covid-19 ar ÚRSD sa bhliain 2020 a chur san áireamh.

An Ceathrú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gceathrú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 24 Meán Fómhair, cheadaigh an tÚdarás an tuarascáil reachtúil ar Aontú na nGairmeacha de bhun alt 33 den Acht lena cur faoi bhráid an Aire. Thug an tÚdarás ceadú agus údarú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun teagmháil a dhéanamh leis an Dlí-Chumann thar a cheann i dtaca leis na Rialacháin Aturnaetha (Árachas Slánaíochta Gairmiúla), 2020, agus i dtaca leis na Rialacháin Aturnaetha (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2020. Cheadaigh an tÚdarás an tuarascáil reachtúil bhreise ar an Oideachas agus an Oilúint de bhun alt 34(1)(a) den Acht lena cur faoi bhráid an Aire.

An Cúigiú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcúigiú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 19 Samhain, d'athbhreithnigh an tÚdarás an ghníomhaíocht don bhliain 2020 agus thug sé faoi deara gur réachtáladh an chéad suí fíorúil de chuid an Choiste um Ghearáin agus gur chuir an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta próiseas paitinní na bliana 2020 i gcrích. D'fháiltigh an tÚdarás roimh gharbhunú an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí agus d'aontaigh sé go gceadódh sé na Rialacháin Fógraíochta deiridh de bhun alt 218 d'Acht 2015 lena síniú roimh dheireadh na bliana 2020.

Ráitis Airgeadais agus Soláthar

Sa bhliain 2020, chuir an tÚdarás an tríú tacar Ráiteas Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2019 go mí na Nollag 2019 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. An 29 Nollaig 2020, dheimhnigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amháil an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2020, bunaithe ar an gcomhairle agus an cúnaimh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Baineadh leas as na Creatáil Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair.

Tabhair faoi deara: Tháinig Simon Murphy isteach in ionad James MacGuill mar dhuine amháin de bheirt ainmnithe an Dlí-Chumainn ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Níor deimhníodh an t-ainmniúchán ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tar éis dheireadh théarma oifige Gerry Whyte i mí Mheán Fómhair 2020 faoi dheireadh na bliana.

TÁBLA 5: Freastal ar Chruinnithe an Údaráis – Eanáir go Samhain 2020

Comhaltaí	23/01/20	02/02/20	25/06/20	24/09/20	19/11/20
Eileen Barrington	✓	✓	✓	✓	✓
Angela Black	✓	✓	✓	✗	✓
Geraldine Clarke	✓	✓	✓	✗	✓
Joan Crawford	✓	✓	✓	✓	✓
Stephen Fitzpatrick	✗	✓	✓	✓	✓
Dermott Jewell	✓	✓	✓	✓	✓
James MacGuill	✓	✓	✓	✓	n/b
Deirdre McHugh	✓	✓	✓	✓	✓
Sara Moorhead	✓	✓	✓	✓	✓
Simon Murphy	n/b	n/b	n/b	n/b	✓
Don Thornhill (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓
Gerry Whyte	✗	✓	✓	✓	n/b

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann Stephen Fitzpatrick, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD. Suíonn Angela Black agus Geraldine Clarke, comhaltaí den Údarás, ar an gcoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den choiste, mar atá Peter O'Brien agus Claire Byrne. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain 2020. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí ÚRSD, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag coiste feidhmiúcháin ÚRSD chun na rioscaí a mhaolú. Ina theannta sin, déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar ráitis airgeadais agus faisnéis atá suas chun dáta ag gach cruinniú. Déantar Clár Rioscaí, buiséad agus ráitis airgeadais ÚRSD a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

TÁBLA 6: Cruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2020

Comhaltaí	21/02/20	03/04/20	29/09/20	27/11/20
Angela Black	✓	✓	✓	✓
Claire Byrne	X	✓	✓	✓
Geraldine Clarke	✓	✓	✓	X
Stephen Fitzpatrick	✓	✓	✓	✓
Peter O'Brien	✓	✓	✓	✓

Socruithe Rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Treoraítear creat rialachais ÚRSD leo seo:

- an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú);
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;
- Téarmaí Tagartha don Údarás;
- Sceideal de nithe a tharmlichtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;
- Beartas Cosanta Sonraí;
- Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;
- Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais;
- Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna;
- Plean Straitéiseach 2019-2022;
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt;
- Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoin Acht;

- Cáirt um Sheirbhísí Ardchaighdeáin;
- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeáin.

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD i gcás gur cuí.

Ról an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do ÚRSD. Leagtar amach iontu na ról faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhfheidhmeannach mar a leanas:

An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- Treo straitéiseach agus mórfhleananna gníomhaíochta ÚRSD a athbhreithniú agus a threorú;
- a chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;
- An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;
- Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;
- Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;
- cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.

An Príomhfheidhmeannach:

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil ÚRSD chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta ÚRSD.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go rialta ar gach gné d'oibriú ÚRSD, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach san Acht. Sonraítear in alt 24(3) den Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

- i. **beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,**
- ii. **foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,**
- iii. **bheith freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus**
- iv. **cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.**

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheith údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshlán straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar ÚRSD agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí “Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna”. I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do Chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil.

Meastóireacht Feidhmíochta

Thug an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca faoi mheastóireacht féinmheasúnaithe trí chuntasóirí ÚRSD sa bhliain 2020. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an tuarascáil i gcruinnithe mhí Mheán Fómhair agus mhí na Samhna dá chuid. Déanfar gníomhaíocht leantach sa bhliain 2021 ar na gníomhartha a tháinig chun cinn. Cuirfidh an tÚdarás tús sa bhliain 2021 le meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht. Cuireadh moill ar an bpróiseas sin a thosú de bharr thionchair Covid-19 ar ghnó.

Cruinnithe Rialachais agus Gníomhaireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt

Ar fud na bliana 2020, bhí ÚRSD i mbun teagmháil fhairsing le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt. Cuireadh dhá Chruinniú Rialachais ar siúl sa bhliain 2020 idir ÚRSD agus an tAonad um Rialachas Sibhialta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Cuireadh ar siúl iad an 11 Márta agus an 8 Deireadh Fómhair.

Ag teacht sna sála ar na tionchair ghnó a bhí ag paindéim Covid-19 ar sheirbhísí Rialtais, chomhordaigh an Roinn Dlí agus Cirt grúpa Gníomhaireachtaí Ceartais Shibhialta chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt do na gníomhaireachtaí uile i réimse an dlí agus cirt agus

chun deis a thabhairt dóibh an t-eolas is deireanaí a bhí acu a chomhroinnt lena chéile. Tá ÚRSD ina bhall den ghrúpa sin. Cuireadh na cruinnithe ar siúl ar líne ar bhonn seachtainiúil ar dtús agus ar bhonn coicísíúil ina dhiaidh sin. Chuir sé sin ar chumas na ngníomhaireachtaí an t-eolas is deireanaí ar leanúnachas gnó agus ar nithe gaolmhara a thabhairt agus chuir sé ar chumas na Roinne an t-eolas tábhachtach is deireanaí ón Rialtas a chur in iúl do na gníomhaireachtaí.

Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2020. Comhaontaíodh buiséad bliantúil don bhliain 2020 ag an gcéad chruinniú de chuid an Údaráis sa bhliain.

Chuir an Príomhfheidhmeannach cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Rinne na soláthraithe seirbhíse cuntasáiochta cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Feidhmiúcháin ar fud na bliana. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraíodh na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca freisin lena n-iniúchadh.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar Chuntais ÚRSD don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 a ullmhú agus a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2020. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 29 Nollaig 2020. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, mar aon le Litir Uirill shíniithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirleach don Aire agus cóip den tuarascáil iniúcháireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Frithsciúradh Airgid

De bhun thosach feidhme alt 214 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, leag an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí síos i mí Dheireadh Fómhair 2019 mar Údarás Inniúil de chuid an Stáit i gcás duine ainmnithe ar abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí é nó í, chun críocha Chuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010.

Dá bhrí sin, is é ÚRSD an t-údarás inniúil d'abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuadaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát. Sa bhliain 2020, taifeadh 668 duine ar an Rolla mar abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Taifeadh 229 duine díobh a bheith i seirbhís lánaimseartha an Stáit. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go gcuirtear toirmeasc ar abhcóidí le halt 45 d'Acht 2015 airgead cliant a shealbhú.

Ina cháil mar údarás inniúil, cuirtear de chúram ar ÚRSD faireachán a dhéanamh ar na soláthraithe seirbhíse dlí sin thuas a dtugtar “daoine ainmnithe” orthu agus bearta is gá go réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse dlí den sórt sin ceanglais Chuid 4 d'Acht 2010.

Tá sé mar fhreagracht ar sholáthraithe seirbhíse dlí den sórt sin gníomhú de réir na reachtaíochta frithsciúrtha airgid ábhartha ar fad a bhfuil feidhm aici maidir leo agus í a léiriú. Ina cháil mar údarás inniúil, soláthraíodh ÚRSD treoir do dhlí-chleachtóirí ábhartha maidir le forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na beartais agus nósanna imeachta ábhartha is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad na rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

Faoi alt 65 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010, ceanglaítear ar ÚRSD cuntas ar a chuid gníomhaíochtaí a bhaineann le Frithsciúradh Airgid a chur ar áireamh sna tuarascálacha bliantúla uaidh.

Sa bhliain 2020, d'fhorbair ÚRSD sraith doiciméad treorach d'abhcóidí nach comhaltáí den Leabharlann Dlí iad. Uaslódálfar iad chuig a shuíomh Gréasáin sa bhliain 2021.

Rannchuidigh ÚRSD freisin le hathbhreithniú Choimisiún AE ar Chur Chun Feidhme an 4ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid. Cé gurb é an Dlí-Chumann an t-údarás inniúil d'aturnaetha fós, cuireadh ceangal ar ÚRSD sa bhliain 2020 athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin Aturnaetha (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2020, agus comhsheasmhacht a sholáthar le haghaidh thabhairt isteach na Rialachán.

An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2020.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Thug ÚRSD nósanna imeachta isteach chun a chinntiú go n-íocfaí gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil.

Cé go nglactar leis nach bhféadann nósanna imeachta a cheaptar chun comhlíonadh an Achta a chinntiú ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach mbeidh neamhchomhlíonadh ann, tabhaíodh táillí íocaíochta déanaí i leith dhá shonrasc sa bhliain 2020. Tháinig na cásanna sin chun cinn de bharr dearmad riaracháin, rud a ndearnadh difear mór dó de bharr na socrúithe cianoibre a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do shrianta Covid-19. Réitíodh an fhadhb sin ó shin i leith. B'ionann agus €139.83 iomlán na dtáillí íocaíochta déanaí a íocadh sa bhliain 2020.

Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ÚRSD cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí ÚRSD ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Fuair ÚRSD iarraidh Rochtana ó Ábhar Sonraí amháin faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2020.

Gníomhartha Trédhearcachta

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na bunluachanna atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Tá gealltanús tugtha ag ÚRSD freisin go bhfoilseoidh sé gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD freisin na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Cuirtear faisnéis a bhaineann leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta le suíomh Gréasáin ÚRSD ar bhonn rialta. Is féidir na doiciméid go léir maidir le príomhbheartais inmheánacha a léamh ar an suíomh freisin.

Iarrataí Saorála Faisnéise agus Ceisteanna Ginearálta

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea ÚRSD. Fuair ÚRSD naoi n-iarraidh saorála faisnéise san iomlán faoin Acht sa bhliain 2020. Ba i gcomhréir leis an Acht a déileáladh leis na hiarrataí.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal, ó na meáin, ó chomhaltáí de na gairmeacha dlí agus ó gheallsealbhóirí eile, is é an coiste feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag ÚRSD gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

An Ghaeilge

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 faoi na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020). Cuireadh leaganacha Gaeilge de thuarascálacha agus de dhoiciméid treorach ar fáil sa bhliain 2020.

Nochtadh Cosanta

Rinne ÚRSD Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach. Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta do ÚRSD sa bhliain 2020. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac ÚRSD an Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2017. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar bhearnaí ar cheanglais an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur i láthair an Údaráis i mí na Samhna 2017 agus cuireadh socrúithe rialachais i bhfeidhm ar fud na hidirthréimhse go deireadh na bliana 2020 chun a chinntiú go gcomhlíonfaí an Cód. Faoi dheireadh na bliana 2020, chomhlíon ÚRSD an Cód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go hiomlán, gan an eisceacht seo a leanas a áireamh:

- Níl aon nós imeachta Fostaíochta nó Comhairleoireachta tar éis Scor/Éirí as Oifig forbartha ag ÚRSD fós. Leagtar an ceanglas sin síos i mír 1.10 den Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Forbrófar an nós imeachta sa bhliain 2021.

Forbairtí Eagraíochta

Ar aon dul lenár bPlean Straitéiseach don tréimhse 2019-2022, thugamar sa bhliain 2020 faoi thuilleadh forbartha eagraíochta mar chuid dár n-iarrachtaí ÚRSD a bhunú mar údarás rialála lánfheidhmiúil atá neamhspleách agus éifeachtach, agus ardleibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán á sholáthar de réir caighdeáin shainitheanta thagarmharcáilte.

Acmhainní Foirne

Déantar soláthar i bplean fórsa oibre ÚRSD do 51 ball foirne chun ÚRSD a chumasú na feidhmeanna reachtúla atá aige a chomhlíonadh. Cuireadh tús le hearcaíocht sna míonna tosaigh den bhliain chun acmhainní soláthar foirne ÚRSD a thógáil. Cuireadh dhá chomórtas sheachtracha ar siúl i mí Eanáir le haghaidh sé phost mar oifigeach cléireachais agus le haghaidh an phoist mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach. Rinne níos mó ná 100 duine iarratas ar na folúntais sin. Mar thoradh ar thús phaindeim Covid-19 i mí an Mhárta, cuireadh pleananna earcaíochta breise siar don chuid eile den bhliain.

Bhí 33 ball foirne ag ÚRSD ag deireadh na bliana 2020. Ba mhéadú é sin ó 24 ball foirne ag deireadh na

bliana 2019. Thosaigh 13 bhall foirne nua agus d'fhág ceathrar ball foirne sa bhliain. Áiríodh leis an bhfigiúr sin iad sin a earcaíodh i bhfeachtais earcaíochta na bliana 2019. Tugtar miondealú sa tábla thíos ar ár líon foirne agus ár bhfolúntais sa bhliain 2020 de réir grád earnála poiblí.

Bainistíocht Tinrimh agus Feidhmíocht

Cuireann gach ball foirne de ÚRSD bileoga oibre seachtainiúla faoi bhráid a mbainisteoirí. Cuirtear bileoga oibre míosúla faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna ansin. Taifeadtar obair foirne sna bileoga oibre, agus iad léirithe in aonaid 15 nóiméad. Mionsonraítear an méid ama a chaitheann baill foirne ar obair ar ghearáin, agus cabhraíonn sé sin le ÚRSD an tobhach bliantúil ar na gairmeacha a ríomh.

Tugadh córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta isteach in ÚRSD sa bhliain 2020. Cuireadh i bhfeidhm do bhaill foirne nua an próiseas Bainistíochta Promhaidh (12 mhí) a tugadh isteach sa bhliain 2019.

TÁBLA 7: Foireann ÚRSD sa bhliain 2020

Comhaltaí	Soláthar Iomlán	Líon Foirne sa bhliain 2020*	Folúntas
Rúnaí Cúnta	1	1	0
Príomhoifigeach	2	2	0
Príomhoifigeach Cúnta	6	6.4	0
Abhcóide Comhairleach Ghrád III	1	1	0
Aturnae Stáit	12	6.6	5.4
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	11	3	8
Bainisteoir Oifigeach	1	1	0
Oifigeach Feidhmiúcháin	3	0	3
Oifigeach Cléireachais	14	13	1
IOMLÁN	51	34*	17.4

* Tá an líon ball foirne ag teacht le socruithe postróinnte

Áitreabh Nua agus Éifeachtúlachtaí Fuinnimh

Sa bhliain 2020, bhog ÚRSD isteach inár n-áitreabh nua i bpáirc ghnó in Aonad 1-3, Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir, Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7. Tá an t-áitreabh á léasú ar feadh téarma deich mbliana. Rinneadh an t-áitreabh a fheistiú chun é a uasghrádú roimh don fhoireann bogadh isteach ann an 1 Aibreán. I gcomhréir le Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, bhí sé mar aidhm leis an bhfeistiú feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Áiríodh leis sin an díon a insliú agus soilse LED agus amadóirí a shuiteáil. Déanfaidh ÚRSD tuilleadh beart chun fuinneamh a chaomhnú sna blianta beaga atá romhainn. Leatar an oifig thar dhá urlár agus is ann do go leor spáis chun cóiríocht a chur ar fáil do bhaill foirne nua.

Sláinte agus Sábháilteacht sa bhliain 2020, lena n-áirítear Covid-19

Cuireadh moill ar bhogadh beartaithe na foirne isteach san áitreabh nua i mí Aibreáin de bharr thús phaindeim Covid-19 agus de bharr na comhairle ón Rialtas gur cheart do dhaoine obair ón mbaile nuair ab fhéidir. Osclaíodh an oifig go hoifigiúil an 31 Lúnasa do líon beag ball foirne. Bhí formhór na mball foirne de ÚRSD ag obair go cianda go dtí deireadh na bliana agus ina dhiaidh sin fós.

Mionathraíodh leagan amach na hoifige chun a chinntiú gur sábháilte a bheid an chreatfhoireann a bhíonn uirthi teacht isteach in amanna. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, chloígh ÚRSD leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloíomar le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus sholáthraíomar oiliúint chuí, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta.

Athraíodh na beartais sláinte agus sábháilteachta uile chun dáta chun go mbeadh siad ag teacht leis an áitreabh nua agus chun Plean Freagartha

Covid-19 ó ÚRSD a chur ar áireamh. D'fhreastail an fhoireann ar fad ar chúrsa éigeantach oiliúna ionductaithe Covid-19 agus ar Chúrsa Sláinte agus Sábháilteachta sular fhreastail siad ar an áitreabh nua. Ag an am céanna, chuir an t-ochtair comhaltaí ar fad den Fhoireann Ardbhainistíochta agus seisear ball foirne eile a n-ainm ar aghaidh go deonach chun gníomhú mar Phríomhionadaithe Covid-19. Le linn na bliana, d'fhreastail baill foirne ar ghearrchúrsaí i nGarchabhair, i Láimhsíú Sábháilte agus i Sábháilteacht Dóiteáin.

Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Comhaontú Seirbhíse ag ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt. I mí Aibreáin 2020, chabhraigh Rannóg TF na Roinne leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag na baill foirne uile ar chórais inmheánacha ÚRSD chun go mbeadh siad in ann obair go sábháilte ón mbaile. Is é SharePoint ár gCóras Bainistíochta Cásanna sealadach le haghaidh gearán. Tá ÚRSD ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn chun réiteach fadtéarmach a fhorbairt, áfach.


Gníomhaíochtaí Soláthair

Ba ar aon dul le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin agus treoirlínte ón Rialtas a bhí an soláthar a rinneadh sa bhliain 2020. Bíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i dteagmháil thráthrialta leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun leas a bhaint as seirbhísí bainistithe láraithe nuair is ann dóibh.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tháinig an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile ar bhonn tráthrialta sa bhliain 2020 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile atá ábhartha d'oibriú éifeachtúil éifeachtach an Údaráis. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFoireann Ardbhainistíochta is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na cuspóirí atá leagtha amach i Spriocanna Gnó gach Rannóige a bhaint amach. Ábhar a pléadh go tráthrialta ba ea Sláinte agus Sábháilteacht i gcomhthéacs phaindeim Covid-19 ar mhaithe le sábháilteacht na foirne a chinntiú.

Struchtúr Eagrúcháin



An Fhoireann Ardbhainistíochta



An Dr Brian Doherty
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is é Brian Doherty Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh i gcoinne Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus i gcoinne Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a reáchtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2017.



Ultan Ryan
Rúnaí

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailís córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail Cheartais Trasteorann. Áiríodh leis na ról sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeachtha sular aistríodh é chuig ÚRSD i mí Eanáir 2017.

An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin



Alison McIntyre

Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin

Ceapadh Alison Emily McIntyre mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chuaigh sí i mbun an ról sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



Padraig Langan

Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí

Ceapadh Padraig Langan mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Baine sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.

An Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach



Tony Watson

Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach

Chuaigh Tony Watson isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán den Dlí-Chumann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.



Eleanor Carmody

Ceann ar an Aonad Gearán agus Réiteach

Chuaigh Eleanor isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Oifigeach Réitigh Gearán, agus ceapadh í mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach i mí Feabhra 2020. Cháiligh Eleanor mar aturnae sa bhliain 1999 agus d'oibrigh sí go príomha mar thíolacóir i gcleachtas ginearálta i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Chuaigh sí isteach sa Dlí-Chumann sa bhliain 2008 agus d'oibrigh sí mar aturnae sa rannóg um Ghearáin agus Caidreamh Cliant, áit ar imscrúdaigh sí gearáin i gcoinne aturnaetha.

Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta



Nuala Haughey

Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta

Ceapadh Nuala Haughey mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailís beartais agus mar thaighdeoir freisin.

An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha



Deirdre Fleming

Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha

Ceapadh Deirdre Fleming mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá taithí shuntasach ag Deirdre ar sheirbhísí corparáideacha agus ar airgeadas laistigh den earnáil phoiblí, lena n-áirítear i dTithe an Oireachtais, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus, rud ba dhéanaí fós, in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

An tAonad Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí



Kay Lynch

Cláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Ceapadh Kay Lynch mar Chláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí Mheán Fómhair 2019. Sular ceapadh í, d'oibrigh Kay mar fheidhmeannach leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha ón mbliain 2014 i leith. Is aturnae cáilithe í agus tá dioplómaí aici i Rialáil Ghairmiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus i Scileanna Breithiúnacha agus Cinnteoireacht (Dlí-Chumann na hÉireann).

Aguisín 1:

Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2020

Dáta	Príomhghníomhaíocht
23 Eanáir	An chéad chruinniú de chuid an Údaráis sa bhliain 2020
27 - 28 Eanáir	Cruinnithe le hoifigigh ó Choimisiún AE sa Bhruiséil ar na Rialacháin Fógraíochta
5 Feabhra	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
5 Feabhra	Cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le Barra na hÉireann ar ghearáin
6 Feabhra	Caint an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin do Chomhlachas Barra Phort Láirge ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach
7 Feabhra	Caint an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin do Chomhlachas Barra Thamhlachta ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach
10 Feabhra	Caint an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin do Bharra na hÉireann ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach
13 Feabhra	Comhairliúchán poiblí faoi alt 34 den Acht roimh thuairisciú don Aire Dlí agus Cirt ar aontú na ngairmeacha dlí (a dúnadh an 9 Meitheamh)
14 Feabhra	Cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bharra na hÉireann
21 Feabhra	An chéad chruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca sa bhliain 2020
4 Márta	Fóram na nGníomhaireachtaí Ceartais Shibhialta (ag an Roinn Dlí agus Cirt)
9 Márta	Cuairteoirí ó Bharra Victoria san Astráil
11 Márta	An chéad chruinniú de chuid an Choiste Athbhreithnithe
11 Márta	Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt
19 Márta	An chéad chruinniú tiomnaithe le Gníomhaireachtaí Ceartais Shibhialta maidir leis an bhfreagairt do Covid-19 agus le leanúnachas gnó. ⁶
27 Márta	Bhog ÚRSD isteach in oifigí nua i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7
2 Aibreán	An dara cruinniú de chuid an Údaráis
2 Aibreán	Bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht
3 Aibreán	An dara cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca

⁶ Leanadh leis an bhfóram sin a chur ar siúl ar bhonn seachtainiúil, agus ar bhonn coicísíúil ina dhiaidh sin, don chuid eile den bhliain 2020.

Dáta	Príomhghníomhaíocht
7 Aibreán	Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Ghearáin faoi alt 73 den Acht
7 Aibreán	Cruinniú leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais
15 Aibreán	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
28 Aibreán	Cruinniú le Comhairle na mBreithiúna
12 Meitheamh	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
23 Meitheamh	An chéad chruinniú de chuid an Choiste Chomhairligh um dheonú Paitinní Tosaíochta
25 Meitheamh	An tríú cruinniú de chuid an Údaráis
30 Meitheamh	Foilsíú na Chéad Tuarascála Bliantúla maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh
16 Iúil	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
28 Iúil	Cruinniú le Comhairle na mBreithiúna
16 Meán Fómhair	Cruinniú comhchéime leis an Roinn Dlí agus Cirt
24 Meán Fómhair	An ceathrú cruinniú de chuid an Údaráis
29 Meán Fómhair	An tríú cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca
30 Meán Fómhair	Seoladh na tuarascálacha ón Údarás ar an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí agus ar cheist Aontú na nGairmeacha faoi alt 34 den Acht chuig an Aire Dlí agus Cirt, mar aon le moltaí.
5 Deireadh Fómhair	Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Ghearáin faoi alt 73 den Acht
7 Deireadh Fómhair	Cruinniú an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leis an Aire Dlí agus Cirt agus leis an Aire Stáit
8 Deireadh Fómhair	An dara cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt
12, 13 agus 19 Deireadh Fómhair	Ionduchtú agus Oiliúint do chomhaltaí an Choiste um Ghearáin agus an Choiste Athbhreithnithe
15 Deireadh Fómhair	Osclaíodh an comhairliúchán dara céim ar na dréacht-Rialacháin Fógraíochta (a dúnadh an 16 Samhain)

Dáta	Príomhghníomhaíocht
20 Deireadh Fómhair	Cruinniú ar an gComhaontú Seirbhíse Faisnéise agus Teicneolaíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt
22 Deireadh Fómhair	Láithreoireacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar Sheimineár de chuid an Chomhlachais Dlíodóirí Teaghlaigh
26 - 31 Deireadh Fómhair	D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Ceann ar an Rannóg Taighde ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, a cuireadh ar siúl ar líne
3 Samhain	Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán caint ar líne ar Eitic agus lompar d'aturnaetha faoi oiliúint sa Dlí-Chumann
4 Samhain	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
5 Samhain	An chéad éisteacht de chuid an Choiste um Ghearáin
6 Samhain	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do Sheimineár Probháide Stephenson Burns
10 Samhain	Cheadaigh an Dáil agus an Seanad athcheapadh ceathrar comhaltaí ar seirbhís de chuid an Údaráis agus ceapadh comhalta nua amháin
11 Samhain	D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhdháil ar an Oideachas agus an Oiliúint Dlí a chuir Ollscoil Durham ar siúl ar líne.
19 Samhain	Foilsíodh na tuarascálacha ar Aontú agus ar an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí faoi alt 34 den Acht.
19 Samhain	An cúigiú cruinniú de chuid an Údaráis
23 Samhain	Bunaíodh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí
26 Samhain	Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin óráid ag seoladh an 9ú Suirbhé Bliantúil ar Ghnólachtaí Dlí Éireannacha arna reáchtáil ag Smith & Williamson
27 Samhain	An ceathrú cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca
8 Nollaig	Ionduchtú agus Oiliúint do chomhaltaí an Choiste um Ghearáin agus an Choiste Athbhreithnithe
8 Nollaig	Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an t-eolas is deireanaí
18 Nollaig	Tháinig na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Fógraíocht), 2020 (I.R. Uimh. 644 de 2020), i bhfeidhm



An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí
Legal Services
Regulatory Authority

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Aonad 1-3, Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir
Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7

Postchód: D07 K290

Ríomhphost: lsra-inbox@lsra.ie

Suíomh Gréasáin: www.lsra.ie

Twitter: @LSRAIreland

